Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down District Council

Mí Feabhra 2019

# Teagmháil IMD

Lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil 2018/2019




Ag freastal ar an Dún
agus Ard Mhacha Theas
Serving Down
and South Armagh

Comhairle Ceantair
an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Newry, Mourne and Down
District Council

## San eagrán seo...


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht an Chathaoirligh | 2 |
| Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh | 3 |
| Nuacht | 4 |
| Athnuachan | 10 |
| Jabanna & Scileanna | 11 |
| Sona Sláintiúil | 13 |
| Ag Tacú le Pobail | 16 |
| Pobail Níos Sábháilte | 21 |
| Gnó | 22 |
| Ár nÁit | 24 |
| Níos Glaine & Níos Glaise Comharsanachtaí | 27 |

**Tuarascáil Bhliantúil**

| | |
|---|---|
| Fíricí & Figiúirí | 29 |
| Cad é mar a d'éirigh linn | 30 |
| Suirbhé Cónaitheoirí | 31 |
| Plean Corparáideach | 32 |
| Cad é Mar a Chaithimid do Chuid Airgid 2018/19 | 33 |
| Do Chomhairleoirí | 34 |
| Uimhreacha Úsáideacha | 36 |


### Bí i dteagmháil!


**Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin**
Uaireanta Oscailte:
Luan-Aoine, 9am-5pm
Comhairle: 0300 013 2233
Pleanáil: 0300 200 7830
Ríomhphost:
info@nmandd.org

**newrymournedown.org**

/nmdcouncil
@nmdcouncil




# Fáilte

**Ó rinneadh Cathaoirleach ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin i Meitheamh 2018, b'onóir bualadh le daoine, grúpaí agus gnólachtaí atá go léir ag obair le chéile le háit níos fearr a dhéanamh den áit seo le bheith ag maireachtáil agus ag obair ann.**


Le linn na bliana seo ba phléisiúr dom tacú le réimse leatha tionscnamh, ó shláinte agus folláine go scéimeanna eacnamaíochta á gcur i gcrích le comhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá lúcháir ar leith orm an líon mór imeachtaí pobail a nótáil a tharla i mbliana ar fud an cheantair. Ina measc seo tá seiceálacha sláinte i mBaile Loch Cuan agus Cill Ó Laoch, rannpháirtíocht i scagthástáil ailse i gCaisleán Uidhilín agus imeachtaí a bhaineann le haosú dearfach i Sliabh gCuillinn, an Pointe agus Cill Chaoil.

Ach páirc phoiblí an Phointe ó ré an Rí Éadbhard, agus í a athréimniú, beidh sin ina bhuntáiste don phobal áitiúil agus do chuairteoirí araon. Le maoiniú suntasach ón Chomhairle, chomh maith le £850,000 ón Chlár Páirceanna do Dhaoine de chuid Chiste Oidhreachta an Chrannchuir, tá deimhnithe againn go bhfuil páirc stairiúil ann do chách le sult a bhaint aisti.

Bua a bhí ann nuair a osclaíodh Ionad Fóillíochta an Dúin ar chostas £15.5m agus beidh tionchar dearfach aige sin sa bhliain seo romhainn. Ní hamháin gur áis úrscothach é, tugann sé deiseanna dár saoránaigh go léir, cibé leibhéal cumais atá acu, le taitneamh a bhaint as stíl bheatha níos gníomhaí. Cuirfidh an tsólann nua borradh a mbeidh fáilte roimhe inár bhfeachtas 'Bí Gníomhach' a bhfuil d'aidhm aige folláine fhisiciúil agus mheabhrach níos fearr a chur chun cinn do gach cónaitheoir.

Bliain thábhachtach a bhí ann agus sinn ag déanamh pleananna le saol eacnamaíoch cheantar na comhairle a




*Clúdach tosaigh: Ionad Fóillíochta an Dúin*
*Grianghraf le: Raphael Mason Photography*

fheabhsú agus comhpháirtíochtaí a dhéanamh ar oileán na hÉireann, san Eoraip agus níos faide i gcéin. Tabharfaidh Beart Réigiún Cathrach Bhéal Feirste, a thugann le chéile sé chomhairle i dTuaisceart Éireann, maoiniú dúinn le hinfreastruchtúr, athnuachan agus tionscadail turasóireachta a bhfuil géarghá leo a thabhairt chun cinn. I measc na dtionscadal a bheidh muid a thabhairt chun cinn tá an Bóthar Faoisimh Theas, an lárionad cathrach nua, agus áis nua chomhdhála agus amharclannaíochta breisithe i gCathair an Iúir. Tá d'aidhm againn chomh maith ár dtarraingt do thurasóirí a fheabhsú le heispéireas turasóireachta na mBeann Beola a shaibhriú.

Chomh maith lenár gcaidrimh áitiúla agus réigiúnacha, i mbliana tá comhpháirtíocht nua tosaithe againn le Cathair Changchun i gCúige Jilin sa tSín. Cinntíonn an comhaontú malairte cairdiúil tiomantas fadtéarma don chomhoibriú idir an dá réigiún agus creidim go dtabharfaidh sé buntáistí follasacha dár gceantar. Ba mhaith liom buíochas a thabhairt dóibh siúd go léir a chuidigh liom le linn m'ama mar chathaoirleach agus a chomhroinn a gcláir agus tionscadail liom. Tá mé ag súil lena n-éachtaí a cheiliúradh sna míonna seo romhainn.

**An Comhairleoir Mark Murnin**
Cathaoirleach

# Teachtaireacht an Phríomhfheidhmeannaigh

## Ag amharc siar ar 2018 dom, creidim gur féidir bród a bheith orainn as a bhfuil baint amach againn i mbliana agus as na pleananna atáimid a chur i bhfeidhm don bhliain seo ag teacht.

Le linn na bliana seo caite tá céimeanna móra déanta againn ag feabhsú ár ngeilleagair áitiúil agus na seirbhísí atá muid a chur ar fáil dár gcónaitheoirí go léir. D'oibrigh muid go dlúth lenár gcomhpháirtithe sa rialtas, an AE agus ar fud oileán na hÉireann le naisc iompair, eacnamaíocha agus chultúrtha a fhorbairt chomh maith lenár bhféidearthachtaí eacnamaíochta amach anseo a chinntiú i gcoinne neamhchinnteacht phróiseas Brexit. Cuirfidh an t-airgead atá faighte againn, mar chuid de Bheart Réigiún Cathrach Bhéal Feirste ar ár gcumas dúinn an Bóthar Faoisimh Theas a thabhairt chun cinn a thuilleadh agus an t-eispéireas ceann scríbe atá againn do chuairteoirí a fheabhsú sna Beanna Beola agus ar an chósta.


I mbliana tá roinnt príomhthosaíochtaí curtha i gcrích againn chomh maith agus tá dul chun cinn nach beag déanta againn ar chuid eile. Tá feabhas curtha againn ar an dóigh a gcuirtear an buiséad maoinithe pobail i láthair trí ghrúpaí pobail áitiúla a dhéanamh rannpháirteach ag socrú a dtosaíochtaí. Chuir muid i gcrích ceann dár dtionscadail suaitheantais, Ionad Fóillíochta nua an Dúin ar chostas £15.5m, a thugann anois ionad úrscothach dár saoránaigh go léir le cuidiú sláinte agus folláine a fheabhsú.

Lean muid ar aghaidh chomh maith ag déanamh céimeanna móra chun cinn ag soláthar na seirbhísí riachtanacha do gach cónaitheoir sa cheantar. Bhain ceann dár bpríomhthosaíochtaí le hathchúrsáil agus laghdú dramhaíola, ní hamháin leis an tionchar ar an chomhshaol a fheabhsú, ach chomh maith leis sin leis an méid airgid a chuirtear i dtreo na feidhme tábhachtaí seo a laghdú. Tá mé sásta gur mhéadaigh muid sna chéad sé mhí den bhliain seo an méid dramhaíl bhia a chuirtear i mboscaí bruscair donna a laghdú faoi 34% agus gur laghdaigh muid an méid dramhaíola a théann go líonadh talún faoi 60%. Is fíoréachtaí iad seo ach leanfaidh muid ar aghaidh ag brú síos an méid dramhaíola le linn 2019.

Tá muid ag teacht go deireadh ár gcéad téarma mar chomhairle nua agus tá muid ag bogadh chun cinn mar cheantar aontaithe. I mbliana toghfar comhairleoirí nua. Tá a fhios agam go n-oibreoidh muid taobh leo leis na tionscadail atá ríthábhachtach do rath leanúnach ár réigiúin a chur i gcrích.

**Liam Hannaway**
Príomhfheidhmeannach







# Tá do shólann nua, Ionad Fóillíochta an Dúin, oscailte le haghaidh gnó

**D'oscail sólann Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin lena rabhthas a feitheamh go crua, Ionad Fóillíochta an Dúin, a chosain £15.5m, a doirse go hoifigiúil i mí na Samhna 2018.**


I meas áiseanna tá seomra aclaíochta teicneolaíochta folláine ina bhfuil 85 stáisiún, ina bhfuil an teicneolaíocht is úire, seomra sláinte beogachta sócúil, stiúideo rothlaithe, halla spóirt ina bhfuil ceithre chúirt agus linn snámha le sé lána agus linn d'fhoghlaimeoirí. Sa linn d'fhoghlaimeoirí tá urlár inghluaiste ann chomh maith, is féidir a athrú d'aoiseanna agus do chumais éagsúla. Sa tsólann nua, Ionad Fóillíochta an Dúin, tá 6,105$m^2$ thar thrí urlár – athrú mór ón fhoirgneamh dhá urlár a bhí ann roimhe, ina raibh 3,403$m^2$, a d'oscail thiar in 1980.





Cuireann na háiseanna nua borradh chomh maith faoi fheachtas na comhairle, 'Bí Gníomhach', a lainseáladh anuraidh, a bhfuil d'aidhm aige daoine a spreagadh tabhairt faoi níos mó aclaíochta ina saol ó lá go lá. Is é éiteas an fheachtais Bí Gníomhach sláinte fhisiciúil agus folláine mheabhrach níos fearr a chur chun cinn inár saol atá ag éirí níos gnóthaí i rith an ama.

Molaimid duit triail a bhaint as an ionad nó ballraíocht a ghlacadh agus 'Bí Gníomhach – Do Bhealach Féin Gach Lá'.



# Íoslódáil aip Chomhairle IMD Bí Gníomhach

**Tá aip nua IMD, Bí Gníomhach, ar fáil anois le híoslódáil ar ghléasanna móibíleacha iPhone agus Android. Coinnigh chun dáta le nuacht, tairiscintí, cláir ama snámha agus aclaíochta, eolas áirithintí, ballraíocht agus i bhfad eile.**

Clúdaíonn an aip na suíomhanna seo a leanas:
- ✓ Ionad Spóirt agus Folláine Bhaile an Mhóta
- ✓ Ionad Fóillíochta an Dúin
- ✓ Ionad Fóillíochta Chill Chaoil
- ✓ Ollionad an Chaisleáin Nua
- ✓ Ionad Fóillíochta an Iúir
- ✓ Lárionad Spórt Choláiste Cholmáin

Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoinár n-áiseanna fóillíochta allamuigh ar an aip.

Níl de dhíth ort ach 'NMD Be Active' a chuardach san App Store, é a íoslódáil, agus na sólanna is spéis leat a roghnú leis an eolas go léir a bheith ag barr do mhéar.

Be Active...

# Ár leathanach nua Facebook do IMD Bí Gníomhach



Lainseáil an Roinn Fóillíochta agus Spóirt a leathanach nua Facebook le déanaí: NMD Be Active Leisure. Tabhair ordóg don leathanach leis an eolas is deireanaí ar ár n-áiseanna agus seirbhísí a fháil i ngach láthair fóillíochta agus spóirt sa cheantar.

# Roghanna ballraíochta, cláraigh ar líne



**Roghnaigh ó réimse leathan roghanna ballraíochta agus cláraigh le cliceáil cnaipe.**

- Is iad praghsanna ballraíochta £15 - £29.95 sa mhí
- Tá roghanna íocaíochta 3 mhí, 6 mhí, 12 mhí agus dochar díreach ar fáil
- Cláraigh ag déan áirithint ar líne ag www.newrymournedown.org/ fóillíocht agus spórt, íoslódáil aip IMD Bí Gníomhach le clárú, nó déan teagmháil le d'ionad áitiúil le fáil amach faoi imeachtaí agus táillí isteach.

Cuirimid ar fáil réimse leathan roghanna éagsúla ballraíochta le riar ar riachtanais daoine ar leith, cibé acu is mian leat snámh, páirt a ghlacadh i ranganna, a bheith ag déanamh aclaíochta sa tseomra aclaíochta nó na trí rud a dhéanamh.

## Platanam (gach rud san áireamh)

Rochtain ar gach láthair agus ar ár n-áiseanna fóillíochta go léir ina bhfuil soláthar do sheomra aclaíochta, seomra allais, gal nó rang.

Baineann seo le hIonad Sláinte agus Folláine Bhaile an Mhóta, Ionad Fóillíochta an Dúin, Ionad Fóillíochta Chill Chaoil, Ollionad an Chaisleáin Nua agus Ionad Fóillíochta an Iúir. Tá rogha snámha platanaim ann chomh maith, a thugann rochtain ar áiseanna fóillíochta ar gach láthair ina bhfuil soláthar do linn snámha. Baineann seo le Ionad Fóillíochta an Dúin, Ionad Fóillíochta an Iúir agus Ionad Fóillíochta Chill Chaoil.

## Ór

Rochtain gan teorainn ar dhá láthair, Ionad Sláinte agus Folláine Bhaile an Mhóta agus Ollionad an Chaisleáin Nua. Bain taitneamh as áiseanna aclaíochta ar an dá láthair, le háiseanna seomra allais agus gail ag Ollionad an Chaisleáin Nua.

## Airgead

Rochtain ar áis amháin de do rogha féin ina bhfuil soláthar ann do sheomra aclaíochta, linn snámha, seomra allais, gal nó rang le linn a uaireanta seachbhuaice.

Tá seo ar fáil in Ionad Sláinte agus Folláine Bhaile an Mhóta, Ionad Fóillíochta an Dúin, Ionad Fóillíochta Chill Chaoil, Ollionad an Chaisleáin Nua agus Sólann an Iúir.

Le tuilleadh eolais a fháil cuir ríomhphost chuig: indoorleisure@nmandd.org

*Tá praghsanna bailí go dtí an 31 Márta 2019



# Tá fáilte roimh chothú cíche anseo

Tá muid ag iarraidh é a dhéanamh níos fusa do mháithreacha a aithint cad iad na háiteanna inar féidir leo brollach a thabhairt dá leanbh.

Chuaigh an chomhairle mar sin i bpáirt le scéim na Gníomhaireachta um Shláinte Phoiblí, Fáilte Roimh Chothú Cíche Anseo. Ligeann an scéim seo d'eagraíochtaí agus gnólachtaí atá cláraithe sa scéim a chur in iúl go bhfuil fáilte roimh chothú cíche áit ar bith ina n-áitreabh.

Tá léarscáil idirghníomhach ar líne curtha ar fáil an Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí chomh maith, ina bhfuil sonraí ar na heagraíochtaí agus na gnólachtaí go léir a chláraigh ar fud Thuaisceart Éireann. Is féidir teacht ar an léarscáil agus tuilleadh eolais ar an scéim ag www.breastfedbabies.org.

Faoi láthair tá 16 áis de chuid Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin cláraithe sa scéim Fáilte Roimh Chothú Cíche Anseo. In 2019 rollfaidh an chomhairle seo amach lenár n-ionaid phobail a chur san áireamh. Spreagfaidh muid gnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla tacú leis an scéim chomh maith.

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil leis an Rannóg um Feabhsú Sláinte ehealth@nmandd.org

## Amharc go bhfeicfidh tú an Marc Cóirthrádála inár gceantar

**Ar chuala tú faoinár dtiomantas don Chóirthrádáil?**

I mí na Samhna 2018 bhronn Fondúireacht Cóirthrádála RA agus Cóirthrádáil Éireann creidiúnú dúbailte ar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a stádas mar cheantar Cóirthrádála bainte amach ag an chomhairle.

D'oibrigh an coiste stiúrtha áitiúil Cóirthrádála, ar a bhfuil ionadaithe ón chomhairle, grúpaí pobail áitiúla, scoileanna agus eaglaisí, lena chinntiú go bhfuil an oiread daoine agus is féidir ar an eolas faoin Chóirthrádáil agus go bhfuil táirgí Cóirthrádála á gcoinneáil ag díoltóirí áitiúla agus áiteanna lónadóireachta.

Amharc go bhfeicfidh tú an Marc Cóirthrádála suaithinseach ar réimse leathan táirgí i siopaí áitiúla agus amharc an bhfeicfidh tú áiteanna lónadóireachta a chuireann ar fáil tae agus caife Cóirthrádála. Má roghnaíonn tú Cóirthrádáil beidh tú ag cuidiú le feirmeoirí agus oibrithe sa domhan atá i mbéal forbartha praghas cóir a fháil dá dtáirge. Leanfaidh an coiste stiúrtha ar aghaidh lena gcuid oibre i rith 2019 le cuid imeachtaí speisialta beartaithe leis an Choicís Chóirthrádála a cheiliúradh, a bheidh ar siúl ón 25 Feabhra go dtí an 10 Márta 2019.

**Le tuilleadh eolais a fháil gabh chuig www.fairtrade.org.uk**

**Agus más spéis leat a bheith ar an choiste stiúrtha Cóirthrádála déan teagmháil, le do thoil, le fairtrade@nmandd.org**

## Spórt Thuaisceart Éireann – Creidiúnú Club

Is é is Clubmharc TÉ caighdeán cáilíochta do chlubanna spóirt a bhronnann comhlachtaí rialaithe ceadúnaithe agus údaráis áitiúla atá faofa ag Spórt Thuaisceart Éireann. Cé go bhfuil a scéim féin ag cuid comhlachtaí rialaithe, is féidir le spórt ar bith nach bhfuil clár cineálach Chlubmharc TÉ a dhéanamh.

Bronntar creidiúnú ar chlubanna a bhaineann amach na croíchaighdeáin oibriúcháin íosta de chuid Spórt Thuaisceart Éireann i dtrí réimse chomh maith le haon chritéir bhreise imlínithe ag an chomhlacht rialaithe nó údarás áitiúil. Is iad na trí réimse croíchritéar:
Bainistíocht Éifeachtach, Cóitseáil ar Ardchaighdeán agus Iomaíocht agus Sábháilteacht sa Spórt.

**Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le: leisureandsport@nmandd.org**

## Ag obair le caighdeán na beatha do dhaoine níos sine a fheabhsú

Is é is ceantar ainmnithe aoisbhráúil ceantar ina n-oibríonn eagraíochtaí le chéile lena chinntiú go bhfeabhsaíonn siad saol cónaitheoirí de réir mar a théann siad in aois.

I Meán Fómhair 2018 chuaigh an chomhairle i bpáirt leis an Líonra Domhanda do Chathracha Aoisbhráúil de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Ligeann seo dúinn eispéiris a mhalartú agus foghlaim ó chathracha eile agus ó phobail ar fud an domhain.

Chuaigh muid i bpáirt chomh maith le Líonra RA Pobal Aoisbhráúil, a chiallaíonn go bhfuil muid mar chuid de ghluaiseacht atá ag dul i méad de phobail áitiúla a dhéanann áiteanna níos aoisbhráúla. Is ball den líonra Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, agus tá muid in ann réimse leathan tairiscintí tacaíochta agus foghlama a rochtain atá ar fáil do bhaill.

Is muidne go díreach an tríú comhairle i dTuaisceart Éireann a bhain amach an bhallraíocht seo. Éascaímid chomh maith dhá Fhóram do Dhaoine Níos Sine san Iúr agus i nDún Pádraig a ligeann dár ndaoine níos sine friotal a chur ar a gcuid saincheisteanna. Trí bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe is féidir linn freagairtí a chur ar fáil agus cearta daoine níos sine.

**Más mian leat tuilleadh eolais ar na fóraim, nó ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine níos sine sa cheantar, déan teagmháil le do thoil le Lorraine O'Reilly, Comhordaitheoir Aoisbhráúil ar 0300 013 2233 nó cuir ríomhphost chuig agefriendly@nmandd.org.**



NMD SPORTS AWARDS 2019

in association with

SANDSA
Sports Association Newry, Down and South Armagh

## Ag ceiliúradh ár bpobail spóirt

Tá lúcháir orainn a fhógairt gur lainseáladh na chéad Duaiseanna Spóirt IMD i gcomhar le Cumann Spórt an Iúir, an Dúin agus Ard Mhacha Theas (CSIDAM).

Cruthóidh na duaiseanna seo éachtaí iontacha ár bpobail spóirt áitiúil. Leis an oiread sin éachtaí eisceachtúla ó réaltaí spóirt ar fud an cheantair, beidh an iomaíocht suntasach do na 13 dhuais atá ar fáil i mí an Mhárta. Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le: leisureandsport@nmandd.org

Déanann CSIDAM ionadaíocht ar an phobal spóirt áitiúil ó na seacht dtoghcheantar i gceantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Tá d'aidhm acu úinéireacht an phobail a chur chun cinn agus a bheith ag comhobair le comhchuspóirí a bhaint amach trí chláir, imeachtaí agus deiseanna maoinithe a bhainistiú.




# Rath pobail sna Duaiseanna Mórtas Áite 2018

Aithníodh an méid atá déanta ag an phobal agus an earnáil dheonach ag cumasú pobal ag duaiseanna bliantúla uile-Éireann Mórtas Áite IPB i gCorcaigh.

Ag an tsearmanas i mí na Samhna, d'éirigh le Tacú le Daoine agus Pobail Gach Lá (TDPGL) an chatagóir 'Sláinte agus Folláine Phobail'. Dúirt na moltóirí, "Ceapann TDPGL, ag a chroílár, an difear is féidir le heagraíocht éifeachtach a dhéanamh ag soláthar cabhrach dóibh siúd atá faoi anás. Is eiseamláir é an grúpa den chabhair agus spreagadh do dhaoine a bhfuil sé deacair dóibh déileáil leis an tsaol. Imríonn saorálaithe ról ríthábhachtach agus tugann a léiriú pictiúr iomlán de leithne an oibriúcháin agus a luach mór do mhuintir na háite. Is eagraíocht inmholta seo, foireann iontach, agus buaiteoir an-fhiúntach."

Ainmníodh Seid Fear Ros Treabhair chomh maith as ucht a shároibre ag tabhairt faoi shláinte agus folláine na bhfear ag baint úsáid as cur chuige uilíoch. Ainmníodh iad chomh maith as an méid atá déanta acu do mhórphobal Chrotshléibhe.

Rinne Fóraim Thoghcheantair an Iúir agus Chrotshléibhe na hainmniúcháin i mbliana.

# Cuideoidh an Mol Spórt Míchumais comhdheiseanna a chinntiú do chách

Tá comhpháirtíocht déanta againn le Spóirt Mhíchumais TÉ le Mol Spórt Míchumais a chur ar bun sa cheantar.

Cuirfidh seo ar fáil réimse cathaoir rotha spóirt, rothair ionchuimsitheacha agus trealamh spóirt ionchuimsitheach lena chur ar a gcumas do leanaí agus d'aosaigh le míchumais páirt a ghlacadh in imeachtaí. Cuirfidh Míchumas Spóirt Thuaisceart Éireann oiliúint ar fáil dár gcóitseálaithe agus ag an am cheanna dearcthaí dearfacha a chur chun cinn i leith daoine faoi mhíchumas. Tá muid ag tacú chomh maith le clubanna agus á spreagadh le bheith níos ionchuimsithí maidir le daoine faoi mhíchumas.

Taobh istigh de Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, agus taobh le Míchumas Spóirt TÉ, is mian linn a chinntiú go bhfuil comhdheis ag daoine a bhfuil míchumais acu stíl bheatha iomlán, ghníomhach agus fholláin a bheith acu trí spórt agus caitheamh aimsire gníomhach. Spreagann Míchumas Spóirt Thuaisceart Éireann gach duine a bheith gníomhach agus chomh maith agus is féidir.

I measc ár gcuid clár tá: Boccia, snámh, trampailín, tai chi, Céim isteach chun na Sláinte, cispheil cathaoireach rotha, agus ranganna nirt agus cothromaíochta.

**Le tuilleadh eolais a fháil ar ár n-áiseanna agus seirbhísí déan teagmháil le ríomhphost chuig: ciara.lowe@nmandd.org, nó glaoigh ar 028 3031 3137.**




## Mórghradam na hInstitiúide Ríoga Suirbhéirí Cairte d'Ionad Fóillíochta an Iúir

Fuair sólann nua Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Ionad Fóillíochta an Iúir, a d'oscail don ghnó i Samhain 2017, gradam mór le rá de chuid na hInstitiúide Ríoga Suirbhéirí Cairte i mBealtaine 2018. I mbabhtaí réigiúnacha na hInstitiúide Ríoga Suirbhéirí Cairte bhain , Ionad Fóillíochta an Iúir an chatagóir athnuachan. Aithníonn gradaim na hInstitiúide Ríoga Suirbhéirí Cairte tionscnaimh inspioráideacha i dtalamh, eastát réadach, tógáil agus infreastruchtúr. Thug an tionscadal £19m le chéile ionaid sláinte agus folláine na cathrach in áis nua-aimseartha iontach.

Sa tsólann nua tá linn snámha ocht lána le hurlár inghluaiste, atá inrochtana do gach leibhéal cumais, dhá halla spóirt mhóra, seomraí aclaíochta agus stiúideonna aclaíochta. Cuidíonn críochnú na sólainne ceann de chuspóirí corparáideacha na comhairle i gcrích, caighdeán na beatha a fheabhsú agus neamh-chomhfhiosaigh a laghdú.



## £350 milliún don Chomhairle i mBeart Réigiún Cathrach Bhéal Feirste

Déanfaidh an fhógairt lena rabhthas ag fanacht le fada maidir le maoiniú do Bheart Réigiún Cathrach Bhéal Feirste difear mór do rath ár gceantar comhairle. Is pacáistí saindeartha maoinithe iad Bearta Cathrach a shocraítear trí idirbheartaíocht idir rialtas lárnach agus údaráis áitiúla.

Tá ár gcomhairle ag obair i gcomhpháirt le cúig chomhairle eile, ollscoileanna agus coláistí, le hiarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, agus chuir muid fáilte roimh an nuacht go bhfuil £350m ag teacht ón státchiste i nDeireadh Fómhair 2018. Mar chuid den bheart cuirfidh an Roinn Airgeadais ar an laghad £350m breise leis, le comhairlí ag tabhairt níos mó ná £100m. Le hinfheistíocht ón earnáil phríobháideach, d'fhéadfadh sé gur fiú corradh maith le £1b an pacáiste iomlán.

Is deis í seo nach mbíonn ann ach uair amháin in aon ghlúin amháin dlús a chur lenár bpleananna don fhiontraíocht, athnuachan agus infheistíocht, ár n-iomaíocht a fheabhsú agus feabhas a chur ar ár gcaighdeán maireachtála.

Creidimid go gcruthóidh an beart seo suas le 20,000 post nua agus níos fearr do réigiún an bhirt cathrach, agus go tabharfaidh sé clár 10 mbliana d'fhás eacnamaíoch uileghabhálach. I measc cuid de phleananna ár gceantair tá soláthar an Bhóthair Faoisimh Theas, lárionad cathrach nua, agus áis nua chomhdhála agus amharclannaíochta breisithe i gCathair an Iúir. Tá d'aidhm againn chomh maith ár dtarraingt do thurasóirí a fheabhsú le heispéireas turasóireachta na mBeann Beola a shaibhriú.








## Comhaontú maidir le malartú cairdiúil sínithe le Cathair Changchun, an tSín

Síníodh clár nua maidir le malartú cairdiúil idir an chomhairle agus Cathair Changchun i gCúige Jilin sa tSín i nDeireadh Fómhair 2018. Tháinig an comhaontú i ndiaidh cuairt idirnáisiúnta go dtí an 4ú Cruinniú Mullaigh do Cheannairí Réigiúnacha sa RA agus sa tSín in Dalian, an tSín, agus i ndiaidh 12 mhí d'idirbheartaíocht agus de chruinnithe le hoifigigh rialtais áitiúil ón tSín, le tacaíocht ó Bhiúró Thuaisceart Éireann sa tSín agus Institiúid Chonfúicias atá bunaithe in Ollscoil Uladh.

Cinntíonn caidreamh na comhairle leis an chathair tiomantas fadtéarma don chomhoibriú idir an dá réigiún. Tógann sé ar ár n-aidhm malartuithe comhthairbheacha agus comhoibríocha a chur chun cinn le réigiúin ar fud an domhain atá in ann cur le rathúnas, turasóireacht, scileanna agus oideachas.

Ó síníodh an comhaontú tá muid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an chaidreamh agus d'óstaigh muid cheana féin toscaireacht shinsearach ó rialtas Chúige Jilin, aireacht tráchtála na Síne agus toscaireacht iarchéime ó cheann d'ospidéil Ollscoil Jilin. Tugann na cuairteanna seo deiseanna dúinn breathnú ar pholasaithe a bhfuil d'aidhm acu scileanna agus nuálaíocht a fheabhsú chomh maith le naisc ghnó agus oideachais amach anseo a fhiosrú.

Níorbh í an chomhairle amháin a bhí ag aontú comhpháirtíochtaí nua. Shínigh Coláiste Réigiúnach an Deiscirt agus Comhlachas Tráchtála an Iúir comhaontuithe malartaithe le Gairmcholáiste Changchun agus Comhlachas Changchun do Trádáil Idirnáisiúnta.

## A Chrainn Nollag!

I mbliana lainseáil muid an chéad chlár píolótach riamh faoi choinne crann Nollag inbhuanaithe ag seacht láthair sa cheantar. Thacaigh eagraíochtaí áitiúla pobail, a d'oibrigh leis an chomhairle le crainn Nollag a phlandáil, leis an scéim. Creidimid go mbeidh na crainn inbhuanaithe ina lárphointe do cheiliúradh na Nollag amach anseo do na pobail ag glacadh páirte.

Cén fáth crainn inbhuanaithe? Tá sé cost-éifeachtúil crainn a phlandáil is féidir a úsáid bliain i ndiaidh bliana agus tá sé maith don timpeallacht chomh maith. Tá na crainn a phlandáil muid 4 go 4.5 mhéadar ar airde agus is crainn ghiúise iad den chineál *Abies Nordmanniana* (Nordman fir), ceann de na crainn Nollag is mó éileamh. Baineann an scéim úsáid as crainn atá ann cheana féin agus tá súil againn níos mó crann inbhuanaithe a phlandáil trínár gceantar sna blianta seo romhainn.









# Ag déanamh difir dár mbailte agus cathracha

Bhí muid iontach gnóthach i mbliana, ag iarraidh áit níos fearr a dhéanamh dár sráidbhailte, bailte agus cathracha le cónaí iontu, a bheith ag obair iontu agus le cuairt a thabhairt orthu. Mar chuid de seo tá muid ag leanúint ar aghaidh ag obair ar ár máistirphleananna do Bhaile na hInse, Dún Pádraig, Cathair an Iúir agus an cósta thoir theas. Cuirfidh seo go léir lena ngeilleagar agus timpeallacht.

Tá Máistirphlean Bhaile na hInse dírithe ar lár an bhaile a athbheochan. Mar chuid de seo, aithneoidh an plean foirgnimh fholmha agus thréigthe, cruthóidh sé bealach níos fearr le coisithe agus trácht araon a éascú ar bhealach níos fearr, agus cuirfidh sé oícheanta agus imeachtaí turasóra breise. Beidh áthas ar chónaitheoirí go bhfuil faomhadh faighte ag an chomhairle do sheachbhóthar Bhaile na hInse. Cuirfidh sé seo feabhas mór ar rochtain ar fud an cheantair agus laghdóidh sé plódú tráchta i lár an bhaile.

Tá scéim feabhsaithe don ríocht phoiblí don bhaile stairiúil Dún Pádraig mar chuid den mháistirphlean. Cuirfear an scéim seo i gcrích i gcomhpháirtíochtaí leis an Roinn Pobal agus an Roinn Infreastruchtúir. Tosóidh obair orthu seo in Eanáir 2019. Tá muid ag obair leis an Roinn Pobal agus an Roinn Infreastruchtúir le plean forbartha cuimsitheach a chur ar fáil don tseanstáisiún péas ar Shráid na nGael.

Tá an tIúr go fóill ina fhócas don fhorbairt, agus tosaíocht amháin don mháistirphlean is ea an Bóthar Faoisimh Theas. Fógraíodh an bealach roghnaithe i nDeireadh Fómhair 2018. Is é an chéad chéim eile don tionscadal don Roinn Infreastruchtúir dearadh an bhóthair a fhorbairt agus dréachtú orduithe reachtúla a ullmhú, chomh maith le measúnú tionchair comhshaoil, do chomhairliúchán poiblí.

Má fhorbraítear an nascbhóthar straitéiseach idir an A1 Bóthar Bhaile Átha Cliath agus an A2 Bóthar an Phointe cuirfidh sin le geilleagar an réigiúin uile a mhéadú agus is forbairt í a bhfuil fáilte mhór roimpi. Beidh an chomhairle ag obair leis an Roinn Infreastruchtúir ar an tionscadal thábhachtach seo.

Tá muid ag obair chomh maith le cuan Chill Chaoil a fhorbairt mar chuid de Mháistirphlean an Chósta Thoir Theas. Ní hamháin gur cuan iascaireachta tábhachtach inár gceantar comhairle é cuan Chill Chaoil, cuireann sé ar fáil trian de luach iomlán éis a landáiltear i dTuaisceart Éireann. Bhí muid ag obair go dlúth le Comhpháirtíocht Straitéiseach Chill Chaoil, Invest NI agus an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe leis an chuan a fhorbairt go dtí a fhéidearthacht iomlán mar chalafort landála agus próiseála straitéiseach. Tá cuan Ard Ghlais mar chuid den fhorbairt seo chomh maith agus tá muid ag obair le dreamanna eile lena fheiceáil cad é mar is féidir leis tairbhe a bhaint as an scéim.

## An Pointe a athbheochan

Léiríonn an t-ardán banna ceoil Eadbhardach a athchóiríodh le deireanas an obair atá á déanamh leis baile stairiúil an Phointe a athbheochan. Thaispeáin na soilse Nollag i mí na Nollag 2018 é mar an tseoid atá ann. Taobh leis an Chomhlachas Trádála áitiúil, tá muid ag cur ar fáil £150,000 leis an bhaile a fheabhsú, lena n-áirítear éadain siopa, comharthaíocht nua agus feachtas bolscaireachta agus margaíochta. Tá páirt le himirt ag Páirc Phoiblí an Phointe, a athchóiríodh le deireanas, agus an Margadh Ceardaithe á lonnú ann.



## Tionscadal Athbheochana Chonair Ardeaglais an Iúir

Le maoiniú ón Roinn Pobal, tá plean gníomhaíochta forbartha le tionscadal athbheochana £100,000 a chur ar fáil ar an Iúr. Sa Tionscadal Athbheochana Chonair Ardeaglais an Iúir tá scéim feabhsaithe éadan siopa, soláthar soilsí Nollag nua agus feachtas bolscaireachta/imeachtaí. Tionscadal mór, a cuireadh i gcrích i gcomhpháirte le Ceantar Feabhsaithe Gnó an Iúir de chuid First Derivatives and Newry ba ea an t-imeacht rathúil Red Bull Formula 1 a bhí ar siúl i mí na Samhna 2018.




## Oiliúint ar Thiomáint Rathúil agus Scileanna Riachtanacha

Tá an tionscnamh Tiomáin don Rath á reáchtáil ag Coláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt i nDún Pádraig mar chuid de Scéim Athnuachana Comharsanachta.

Agus é deartha le daoine a dhéanamh páirteach nach mbainfeadh tairbhe de ghnáth as seirbhísí coláiste, is é an aidhm atá ann iad a spreagadh glacadh le hoiliúint forbartha pearsanta agus gairme d'fhonn poist a fháil, machnamh a dhéanamh ar fhéinfhostaíocht nó leanúint ar aghaidh ag staidéar.

Mar chuid den oiliúint seo tá Deimhniú TCF i Scileanna Riachtanacha, an Gradam Cathrach agus Cuallachtaí i Scileanna Infhostaíochta, Scileanna Matamaitice Feidhmiúla, Fáilteachas agus Garchabhair. Chomh maith leis sin, tá an deis ag rannpháirtithe a ndeimhniú teoirice tiomána, ceachtanna tiomána agus a scrúdú tiomána ar deireadh a fháil, rud a chuideoidh lena ndeiseanna earcaíochta.

## Ceiliúrann an chomhairle rath ar ranganna Gaeilge

Aithnímid gur léiriú í an Ghaeilge ar shaibhreas cultúrtha agus dearbhaíonn ár gcomhairle ár dtiomantas cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh trínár bpolasaí ar dhátheangachas.

I mí Aibreáin 2018, thosaigh 21 bhall foirne den chomhairle ar ár gcéad chúrsa de ranganna Gaeilge a d'éascaigh Gaelchultúr go rathúil.

I ndiaidh dóibh an cúrsa 10 seachtaine a chríochnú bhronn cathaoirleach na comhairle, an Comhairleoir Marcas Ó Murnáin, teastais le héachtaí na mball foirne a cheiliúradh. Chuir ceol traidisiúnta Gaelach le mic léinn ó Scoil Ghramadaí Naomh Pádraig, Dún Pádraig, leis an cheiliúradh Gaeilge agus cultúir.

I measc aíonna speisialta ar an lá bhí Leas-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge, Edel Ní Chorráin, agus Éamonn Ó Dónaill, Stiúrthóir Oideachais Ghaelchultúr.



## Baineann 'Go for it' 200 amach

Tá dhá chéad gnólacht áitiúil i ndiaidh tairbhe a bhaint anois as clár 'Go for it' an réigiúin. Tá an tionscnamh páirtmhaoinithe ag Invest NI agus an Ciste Forbartha Réigiúnaí Eorpach faoina Chlár Infheistíochta don Fhás & Poist Tuaisceart Éireann (2014-2020)

Tugann an scéim comhairle agus tacaíocht saineolaí d'aon duine is mian leo tús a chur lena ngnólacht féin, á dtabhairt céim ar chéim trí phlean a chruthú óna leanfaidh gnólacht inbhuanaithe. Is féidir le réimse leathan gnólachtaí tairbhe a bhaint as an chuidiú seo. Mar shampla, bhunaigh grianghrafadóir amháin a chomhlacht dróin grianghrafadóireachta/físeáin i ndiaidh cuidiú a fháil a cuireadh ar fáil tríd an chlár.

**Má tá smaoineamh gnó agat ba mhaith leat a fhorbairt nó má tá tú ag smaoineamh ar ghnólacht a thosú déan teagmháil leis an chlár Go For It ar 0800 027 0639 nó téigh go: www.goforitni.com**





# Comhpháirtíocht Tírdhreacha Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn sínte

Cuireann cách a ghlac páirt san iomad gníomhaíochtaí a bhaineann léi fáilte roimh an nuacht go bhfuil Comhpháirtíocht Tírdhreacha Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn sínte. Bhí an bhliain seo lomlán le cúrsaí oiliúna, imeachtaí agus deiseanna oibre deonaí. Anois sínfear iad seo trí 2019, le céim oidhreachta 10 mbliana eile ar tairiscint.

Thosaigh an chomhpháirtíocht an bhliain le trí chúrsa i scileanna traidisiúnta, ag clúdach gach rud ó bhainistíocht coillearnaí go garraíodóireacht orgánach. Bhí seal ag na hoiliúnaithe i mbainistíocht coillearnaí sa spotsolas, ar an chlár Home Ground de chuid an BBC. I rith na bliana bhí 134 shaorálaí a thug 1,456 uair oibre, agus bhí siad ríthábhachtach i rath na comhpháirtíochta.

Mhéadaigh líon ambasadóirí Fháinne Cnoc Shliabh gCuillinn, oilte go dtí leibhéal 2 OCNNI i dTreorú Turais, faoi 14 agus bhí dhá sheachtain lán gníomhaíochta againn le 10 maoirseoir dhícheallacha dhíograiseacha i mí Iúil. Buaicphointe sa tséasúr ba ea Féile Lúnasa ina raibh 3,550 cuairteoir agus seónna ag an amhránaí agus scríbhneoir amhrán John Spillane, Celts agus fiú díneasáir. Chríochnaigh an bhliain lenár bhFéile Ghrianstad an Gheimhridh, dírithe ar ailíniú thuama pasáiste Shliabh gCuillinn leis an ghrian ag dul faoi.

**Tá a lán pleananna ar siúl do 2019. Téigh go dtí ringofgullion.org agus cláraigh dár nuashonruithe míosúla.**





## Baineann cónaitheoirí níos sine sult as an damhsa tae tráthnóna ar son aosú dearfach

Mar chuid den mhí ar son aosú dearfach in 2018, agus i gcomhpháirt leis an Chomhghuaillíocht Aoisbháúil, ghlac fóram thoghcheantar Chrotshléibhe agus Shliabh gCuillinn páirt go fonnmhar le himeachtaí dírithe ar dhaoine níos mó ná 50 bliain d'aois.

I nDeireadh Fómhair 2018 bhí damhsa tae a raibh éileamh mór air ag fóram toghcheantair Chrotshléibhe i halla baile an Phointe. Bhí níos mó ná 150 duine i láthair an tráthnóna seo a thug spraoi agus eolas, deis do chónaitheoirí am sóisialta a chaitheamh agus teagmháil a dhéanamh le daoine eile. Cuireadh cuid comhlachtaí reachtúla, gníomhaireachtaí pobail agus deonacha agus gnólachtaí áitiúla i láthair chomh maith, ag tairiscint comhairle agus eolais.

Thug fóram toghcheantar Shliabh gCuillinn níos mó ná 100 dá chónaitheoirí níos sine le chéile in Ionad Pobail an Bhaile Úir le taitneamh a bhaint as réimse de sheisiúin a thug blaiseadh ar rudaí mar cheardlann mhachnamhachta agus folláine, taispeántais chócaireachta, ealaíona agus ceardaíocht agus seisiúin aclaíochta.

Cuireadh ar fáil ar an lá chomh maith seiceálacha saor in aisce ar bhrú fola agus siúcra fola, comhairle ar shábháilteacht sa bhaile, treoir ar thacaíocht ailse, agus naisc chuig grúpaí gníomhacha thar 50 cosúil le Seid na bhFear, grúpaí lóin agus grúpaí trasphobail. Bhí réimse seastán eolais ó sheirbhísí eolais ar fáil ar an lá.

Is é atá sa Mhí ar son Aosú Dearfach féile imeachtaí ar feadh míosa do dhaoine níos sine a cheiliúrann an méid a dhéanann daoine níos sine dá bpobail. Is é an aidhm atá ag imeachtaí mar seo dul i ngleic le haonrú sóisialta agus ag an am céanna ag feabhsú sláinte agus folláine.

## Corn Bí Gníomhach, ag tógáil caidreamh nua trí spórt

Rud nua a bhí i gcomórtas Chorn Bí Gníomhach 2018 do cheantar an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Tháinig 16 fhoireann ar fad ann ó shraitheanna éagsúla ar fud an cheantair le cheile thar an tsamhradh le bheith san iomaíocht don chraobhchomórtas agus le bheith ainmnithe mar bhuaiteoirí an chathaoirligh do Chorn Bí Gníomhach.

Ba iad Páirc Jennings, an tIúr, Páirceanna Imeartha na Cille Móire, an Chrois Ghearr, agus Láthair Thaispeántais an Iúir na hionaid, leis an chluiche ceannais i gClub Sacair an Iúir. D'éirigh go han-mhaith leis an chomórtas don cheantar agus bhí gach foireann in ann a bheith bródúil astu féin.

Rud nua a bhí ann don chomhairle seo na éagsúlacht sraitheanna inár gceantar a aithint agus dearcann muid air seo mar deis mhaith leis an spórt a chur chun cinn. Bhí an tionscnamh áirithe seo ceaptha do chónaitheoirí ar fud an cheantair a bheith ag idirghníomhú le chéile agus caidrimh nua a thógáil trí mheán an tsacair.

Nascann Corn Bí Gníomhach chomh maith le feachtas Bí Gníomhach na comhairle, a bhfuil d'aidhm aige sláinte agus folláine a fheabhsú trí gach duine a spreagadh le níos mó aclaíochta a dhéanamh.

Tá d'ádh orainn ar an Iúr, an Múrn agus an Dún a lán daoine cumasacha a bheith againn i ngach spórt agus leanfaimid ar aghaidh ag plé leis an phobal le tacú le sláinte agus folláine, iad a fhorbairt agus a dtábhacht a chur chun cinn i ngach gné den tsaol.



# Gach Duine Gníomhach 2020

Tá muid ag dul i bpáirt le Spórt Thuaisceart Éireann le cuidiú cur le deiseanna do gach cónaitheoir a bheith gníomhach.

Tá seisiúin ghníomhaíochta fhisiciúla Gach Duine Gníomhach 2020 (#EBA2020) ar fáil ar fud an cheantair, inár sólanna, ionaid phobail agus páirceanna.

Is é an aidhm atá ann cur le líon na ndeiseanna atá ann do dhaoine páirt a ghlacadh sa spórt agus gníomhaíochtaí fisiciúla ag príomhamanna athraithe sa tsaol, cosúil le páistí ag aistriú ó scoil go hiar-bhunscoil, daoine óga ag fágáil an oideachais, ag cur tús le clann, nó ag dul ar scor ón obair.

Go háirithe, tá #EBA2020 ag díriú méadú i rannpháirtíocht i measc grúpaí a bhfuil tearcionadaíocht orthu, lena n-áirítear cailíní agus mná (go sonrach 14-25 bliana d'aois), daoine a bhfuil míchumas orthu, agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair is mó riachtanas sóisialta (go sonrach daoine atá ina gcónaí sa chéad 25% de bhardaí atá ainmnithe ag Innéacs Tomhais Ildíthe TÉ 2010).

**Le tuilleadh eolais a fháil ar #EBA2020 déan teagmháil leisureandsport@ nmandd.org**



# Tacaíonn Macmillan Move More daoine óga atá ag maireachtáil le hailse

Tá Move More do dhuine ar bith a bhfuil diagnóis ailse. Tugann an clár nuálach seo tacaíocht agus spreagadh ionas gur féidir leis an duine a n-aclaíocht agus folláine a thógáil nó a fheabhsú.

Bhí Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ag obair i gcomhpháirt le Macmillan Cancer Support ar Mover More, a chuidigh go dtí seo le níos mó ná 140 cónaitheoir a bheith níos gníomhaí.

Cuireann an clár nuálach réimse rang aclaíochta faoi leith ar fud an cheantair taobh le dreasachtaí eile cosúil le trí mhí de bhallraíocht saor in aisce i sólanna Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Mar gheall ar a rath leanúnach, bhain clár Macmillan Move More an gradam mór le rá Cóitseáil ar son Saol Gníomhach ag Gradaim Chóitseála RA i Londain.

Deir trí rannpháirtí atá ina gcónaí sa cheantar seo gur chuidigh a n-eispéireas ar cad é mar a chuidigh Move More leo le linn tréimhse athraithe saoil ina saol.

## Scéal Gerry (ailse scamhóige)

"Bhí ailse scamhóige orm – níor chaith mé riamh – díreach corradh is trí bliana ó shin agus baineadh an scamhóg dheas amach. Ina dhiaidh sin bhí ceimiteiripe ar feadh roinnt míonna i ndiaidh m'obráide. Ansin ar feadh bliana nó mar sin bhí mé ag mothú iontach tuirseach agus spadánta. Bhí mé ag mothú measartha uaigneach chomh maith le linn na tréimhse seo mar bhí mé liom féin an chuid is mó den lá. Bhí mé ag tosú a mhothú nach mbeadh an saol mórán níos fearr amach anseo agus tháinig mé go dtí an chéim fiú nach raibh fonn orm meascadh le daoine eile. Ansin thart ar shé mhí ó shin spreag Laura mé dul síos chuig an chlár Move More i Sólann an Dúin. B'éigean dom iarracht mhór a dhéanamh dul agus freastal air ag an tús. Bhí mé iontach scáfar faoi cad é a bhí i ndán dom. Iarracht ollmhór a bhí ann an bogadh seo a dhéanamh agus bhí mé ag streachailt le mo mhothúcháin ar mo bhealach chuig an chéad rang.

"Nuair a tháinig mé bhí an t-éascaitheoir bríomhar, cairdiúil agus fuinniúil. Ba ghairid gur imigh mo mhothúcháin dhíbrí nuair a thosaigh mé na cleachtaí éadroma leis na daoine eile a bhí Laura dár gcur tríothu. Thug an tae agus an caife ag deireadh na gcleachtaí deis dúinn uilig aithne a chur ar a chéile agus labhairt faoinár bhfadhbanna sláinte faoi leith, rud a bhí ina chuidiú mór dom glacadh le m'fhadhbanna sláinte féin.

"Anois, i ndiaidh freastal ar Move More ar feadh tamall de mhíonna tá gach rud i mo shaol bogtha thart le go mbeidh mé ábalta dul ar bhonn seachtainiúil. Domsa is cleachtadh é a thug tógáil cinn mhór dom. Muidne atá ag freastal air tá muid anois mar a bheadh teaghlach mór ann. Buntáiste mór eile atá ann dar liom is é go mothaím i bhfad níos beo le dearcadh iontach dearfach sa tsaol ó thosaigh mé ar na cleachtaí. Ní chaillfinn an rang Move More anois nó d'athraigh sé mo shaol chun feabhais an oiread sin. Mar sin d'iompóinn go láidir ar aon othar atá ag teacht chucu féin i ndiaidh ailse tairbhe a bhaint as na ranganna saor in aisce seo agus níl dabht ar bith orm ná go mbeidh tionchar dearfach acu ar a saol. Níl de dhíomá orm nár tháinig mé ar Move More i bhfad níos luaithe agus mé ag teacht chugam féin."

**Le tuilleadh eolais a fháil nó le clárú sa chlár Move More déan teagmháil le comhordaitheoir Move More ar an Iúr, Múrn agus an Dún, Laura McGrath, trí ghlao a chur ar: 077 6928 5574 nó cuir ríomhphost chuig movemore@nmandd.org**

## Scéal Colette (ailse chnáimhe thánaisteach)

"Bhí an clár Move More ar na rudaí is dearfa agus is spraíúla dá raibh mé páirteach iontu ó mo dhiagnóis ailse chnáimhe thánaisteach tá ceithre bliana ó shin. Meascann Laura, ár gceannaire, cleachtaí éadroma cuarda le ceol, gáire agus comhrá, a fhágann mé lán fuinnimh arís ag deireadh gach seisiúin. Is fóram iontach é le bualadh ar dhaoine eile atá i ndóigh chomhchosúil liom féin, agus tugann a lán acu inspioráid dom lena ndearcadh dearfach. Tá mé ag súil le bheith ag dul gach deireadh seachtaine agus ní thig liom é a mholadh go leor."

## Scéal Margaret (ailse bhrollaigh)

"I ndiaidh mo dhiagnóise ailse bhrollaigh agus meascán de dhul faoi scian agus ceimiteiripe agus raiditeiripe, fágadh mé ag mothú iontach tuirseach. Mhol m'fhisiteiripeoir dom dul chuig Move More, rud a rinne mé i Meán Fómhair 2018. A bhuí le Laura, ár gcomhordaitheoir Move More, ní hamháin go bhfuil níos mó nirt agus solúbthachta faighte agam i mo sciathán deas, ach muinín chomh maith le cleachtaí a dhéanamh. Mar dhuine nach raibh cleachtadh agam ar aclaíocht is mór an spraoi dom an saothar agus tá sé iontach tairbheach dom. Cuimhnigh i gcónaí, thig leat na cleachtaí a dhéanamh le bheith ag fóirstean do do chumas sláinte agus aclaíochta."

MOVE MORE
NEWRY MOURNE AND DOWN

# Infheistíocht mhór inár n-áiseanna súgartha

Lainseáladh straitéis súgartha Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, a chosain £3m, in 2017 agus áirítear air pleananna ar son 6 pháirc shúgartha nua, 22 uasghrádú agus 10 bpáirc shúgartha a bheith athraithe ó bhun.

Is é an chéad toradh ar an infheistíocht mhór seo an pháirc shúgartha nua i nDroichead Mhaigh Eo, a d'oscail i Meán Fómhair 2018. Tháinig cónaitheoirí áitiúla, páistí ó Bhunscoil Naomh Pádraig agus Naíolann Jolly Tots, comhairleoirí agus Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Mark Murnin, le chéile leis an pháirc nua a lainseáil.

Osclaíodh Páirc Shúgartha na Maighe chomh maith do phobal i nDeireadh Fómhair 2018, le páistí ó Bhunscoil Naomh Seosamh agus Réamhscoil Phobail na Maighe ag freastal ar an lainseáil, mar ar bhain siad sult as an trealamh nua. Is í an pháirc seo an chéad cheann a bhain tairbhe as torthaí comhfhiontair idir an Ciste Forbartha Tuaithe agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin.

Ag Páirc Shúgartha na Maighe gheobhaidh tú luascáin do thachráin agus páistí beaga, luascán ciseáin ionchuimsitheach, crandaí bogadaí, ballaí painéal súgartha agus aonaid ilsúgartha. Tá réimse suíochán curtha chomh maith ionas go dtig le tuismitheoirí agus caomhnóirí eispéiris súgartha na bpáistí a chomhroinnt. Cé gur imir cónaitheoirí áitiúla páirt thábhachtach i ndearadh na páirce nua, ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach ag soláthar páirce súgartha iontach chun leasa do na páistí sa phobal áitiúil.

Cuireadh cúig thionscadal páirce súgartha eile i gcrích roimh an Nollaig i mbliana i Lios Liath, Tamhnaigh Naomh; Ionad an Droichid, Cill Ó Laoch; Lorgain Áir, Camloch agus Droim an Tí, le hocht gcinn eile pleanáilte idir mí Eanáir agus Márta 2019, lena n-áirítear uasghrádú ar Dhroim an Easa, Baile an Chláir, Boirinn agus Coilleach Eanach.

## Tosaíochtaí Straitéise Spórt – riachtanas an phobail d'áiseanna nua

Tugann Straitéis Áiseanna Spóirt Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin creatlach d'fhorbairt áiseanna spóirt ag leibhéal áitiúil le riar ar riachtanas aitheanta pobail I mbliana tá na hoibreacha seo a leanas déanta cheana féin:

- **Páirceanna Imeartha Ard Ghlais** páirc imeartha nua le scraith nádúrtha agus feabhsuithe ar an phailliún.
- **Páirceanna Imeartha Dhoire Leacach** feabhsaithe ar sconsaí, na cróite agus cuaillí báire nua.
- **Taisumar Dhún Achadh Aoidh** cosáin nua, sconsaí agus seastáin iascaireachta.
- **Páirceanna imeartha Dhroim an Easa** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus sconsa stoptha liathróidí
- **Páirceanna Imeartha Chill Locha** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus sconsa stoptha liathróidí
- **Páirceanna Imeartha Chill Ó Laoch** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus sconsa stoptha liathróidí
- **Bóthar Langley, Baile na hInse** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus sconsa stoptha liathróidí
- **Cúirteanna leadóige an Chaisleáin Nua** cairpéad dromchla leadóige sintéiseach nua.
- **Norman Brown, an tIúr** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus feabhsuithe ar an sconsa.
- **Cúirteanna leadóige Ros Treabhair** dromchla nua.
- **Áis nua spóirt Thamhnaigh Naomh** uasghrádaithe go páirc imeartha haca shintéiseach.
- **Páirceanna imeartha Bhaile Loch Cuan** oibreacha silte, cuaillí báire nua agus sconsa stoptha liathróidí
- **Faiche bhollaí an Phointe** pailliún nua bollaí.
- **Cúirteanna leadóige an Phointe** soilse nua agus sconsaí.

## Glacann na céadta páirt in ALPS Life Run

Tharraing corradh is 200 duine a mbróga reatha orthu féin ag Páirc Thuaithe Delamont le feasacht a thógáil ar Lá Domhanda Coiscthe Féinbháis.

Bhí rogha acu siúd a bhí ag glacadh páirte ar an 9 Meán Fómhair 2018 idir rith spraoi teaghlaigh, rith 5k agus rith níos dúshlánaí 10k, le boinn do gach duine ag glacadh páirte. Bhí tuilleadh spraoi ann do theaghlaigh agus bhain gach duine sult as caisleán preabach, péinteáil aghaidh agus dioscó.

Comhpháirtíocht a bhí san imeacht idir Fóram Toghcheantair Rudha Álainn, ALPS (All Lives Are Precious) ó Dhún Pádraig, Atlas Running agus Acadamh Dornálaíochta Dhún Pádraig.

Ó 2003 i leith, is gairm chun gnímh é Lá Domhanda Coiscthe Féinbháis ar dhaoine agus ar eagraíochtaí leis an fhéinbhás a chosc. I mbliana ba é an téama 'glac bomaite le beatha a shábháil'.

**Faigh amach cad é mar is féidir leat a bheith páirteach le do thoghcheantar áitiúil trí dhul chuig: www.newrymournedown.org/residents-district-electoral-area-dea-forums**



# Grúpaí pobail molta as a bhfuil déanta acu

Imríonn grúpaí pobail áitiúla páirt ollmhór ag soláthar dá bpobail, ag obair i gcomhpháirt le nó thar ceann na comhairle. Leoga, ní thiocfadh linn ár seirbhísí uilig a sholáthar gan a gcuidiú.

D'aithin Cathaoirleach Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Mark Murnin, ag ócáid speisialta bhuíochais i gCill Chaoil i Meitheamh 2018, mar ar tugadh grúpaí pobail le chéile lena n-obair chrua a cheiliúradh.

Feidhmíonn na grúpaí pobail a oibríonn i rannóg seirbhísí pobail na comhairle áiseanna ardchaighdeáin agus tógann siad gach cumas tábhachtach pobail. Cumasaíonn an tógáil cumais seo daoine áitiúla athrú a dhéanamh ina bpobail féin, rud a théann chun tairbhe don cheantar uilig agus gach duine a chónaíonn ann.

Thar an bhliain seo ag teacht, is rún dúinn cuidiú grúpaí pobail a fhorbairt le clár oiliúna tógála cumais taobh le coistí bainistíochta deonacha a fhorbairt. Cuideoidh an clár seo le grúpaí pobail a scileanna a fheabhsú, ag cinntiú go bhfuil an obair a dhéanann saorálaithe chomh héifeachtach agus is féidir.





## Cuireann tionscadal Cois Cé Dhroim Leathan beocht nua isteach i bpobal an Iúir

Osclaíodh Ionad Dlúthphobal Chlós Ché Dhroim Leathain go hoifigiúil in Aibreán 2018, ag cur áiseanna pobail nua-aimseartha ar fáil a bhfuil géarghá leo do chónaitheoirí áitiúla.

Tógtha ar shuíomh taobh le páirceanna spóirt Chlós Chois Cé i mBáisín Ailbhe, cuireann an t-ionad ar fáil áiseanna feistis spóirt do na páirceanna imeartha in aice láimhe. Ligeann sé chomh maith

do shaorálaithe áitiúla mol pobail nua a chruthú ónar féidir leo cláir agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine áitiúla.

Thosaigh an tionscadal thiar in 2009 nuair a thug saorálaithe pobail léiriú spéise go dtí an Chomhpháirtíocht Athnuachana Pobail ag lorg tacaíochta. Ansin thug Coiste Pobal Folláin Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus an Roinn Pobal faoi.

D'athraigh an £330,000 d'infheistíocht ceantar seo an Iúir agus tá sí ag tógáil dóchas úr don todhchaí.

# Siúlóid ar son na Beatha i nDún Pádraig

Bhí imeacht saor in aisce le Lá Domhanda Coiscthe Féinbháis a chomóradh ar an 16 Meán Fómhair 2018 agus eagraíodh é i gcomhpháirt le Toghcheantair Dhún Pádraig, Fóram Pobail Bharda an Chapaill Eitilte, Tascghrúpa Coiscthe Féinbháis Dhún Pádraig agus Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin.



Thosaigh an lá le siúlóid le béiríní chun tosaigh 1km timpeall Pháirc Dhún Leathghlaise, le lá gníomhaíochta lán spraoi ina dhiaidh ina raibh caisleáin phreabacha, péinteáil aghaidhe agus múnlú balún. Deis iontach a bhí ann do theaghlaigh ar fud an cheantair teacht le chéile lena dtacaíocht a léiriú d'fheasacht a thógáil ar mheabhairshláinte agus cosc ar fhéinbhás.

Bhí grúpaí tacaíochta áitiúla ar fáil ar an lá le tacaíocht agus comhairle a thairiscint maidir le féinbhás, meabhairshláinte agus andúil. Ina measc seo bhí an péas áitiúil agus an Chomhpháirtíocht Shábháilteachta Phobail, Life Change/Change Lives, Suicide Down to Zero, PIPS, Lifeline, na Samaratánaigh, ASCERT agus Seid na bhFear áitiúil.

## Cónaitheoirí Shliabh Crúibe cumasaithe le cinntí maoinithe a dhéanamh

**Bhí ócáid chorraitheach 'In It To Win It' ag Toghcheantar Shliabh Crúibe le deireanas ag Páirc Foraoise Chaisleán Uidhilín.**

Ba é seo an chéad ócáid dá cineál i gceantar comhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin. Ba iad na daoine áitiúla lucht déanta cinntí agus bhí an deis acu a roghnú cad iad na grúpa a mbronnfaí maoiniú orthu.

Bhí níos mó ná 10 ngrúpa áitiúla ag glacadh páirte agus tugadh trí bhomaite do gach ceann acu le hiarratas a dhéanamh ar thionscadal a d'fheabhsódh sláinte agus folláine na gcónaitheoirí atá i gceantar Shliabh Crúibe. Shíl an fóram a mhór de chruthaitheacht agus de chaighdeán na n-iarratas ag an ócáid, le cuid grúpaí ag canadh a n-iarratais agus cuid eile ag léiriú a n-iarratais agus iad ar rothair sheasta.

I measc grúpaí ag baint bhí Shimna Stars Special Olympics, Kilmegan VC Cycling Club agus Clough Play Days.

Faigh amach tuilleadh faoi pháirt a ghlacadh in imeachtaí thoghcheantar Shliabh Crúibe trí theagmháil a dhéanamh. Téigh chuig: www.newrymournedown.org residents-district-electoral-area-dea-forums






## Pobail i gCeannas ar Athrú

I mbliana tugadh an deis do chónaitheoirí sa cheantar cinneadh a dhéanamh cé ba mhaith leo maoiniú a fháil trí thionscnaimh rannpháirtíochta bhuiséid a bhaineann le dhá phobal i gceannas ar an athrú. Bronnadh 21 tionscadal ar fad ag an dá ócáid.

Ba é an chéad cheann imeacht do dhaoine agus grúpaí bunaithe i dToghcheantar Mhúrn. Vótáil os cionn 70 cónaitheoir i dtoghcheantar Mhúrn ag ócáid ar an 18 Deireadh Fómhair in Unite ar Shráid an Iúir, Cill Chaoil, áit a ndearna naoi dtionscadal iarratas ar son a smaointe. Shocraigh an pobal go bhfaigheadh sé thionscadal maoiniú, gach ceann acu ag dul i ngleic le ceann amháin de na trí réimse tacaíochta a bhaineann le haonrú tuaithe, meabhairshláinte agus folláine mhothúchánach, agus an ceantar a fheabhsú.

Ag an dara hócáid, An Óige i gCeannas ar an Athrú, chuir 24 ghrúpa smaointe isteach i bhfíseáin bheaga, a bhí go léir chun leasa don óige inár gceantar. Uaslódáladh na físeáin seo ar líne agus iarradh ar na pobail áitiúla vótáil ar na trí thionscadal ab fhearr leo. Caitheadh níos mó ná 5,000 vóta ar líne.

Fógraíodh na 15 thionscadal ar éirigh leo ag searmanas speisialta gradam ag a raibh Pamela Ballantine ina bean tí Dé Sathairn an 24 Samhain 2018 in Óstán Chúirt na Canála, an tIúr. D'fhreastail ionadaithe ó na heagraíochtaí a chuir tionscadal isteach agus bhain siad sult as an ócáid idirghníomhach mar a raibh gach duine in ann breathnú ar fhíseáin tionscadail a chéile agus bhí spraoi acu ag vótáil ar son an fhíseáin, an fhuaimriain agus an scéil is fearr.

Ba iad Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt, Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirdheiscirt, Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann agus an Roinn Pobal. Fuair na tionscnaimh tacaíocht chomh maith ó Líonra Pobail Tuaithe Chontae an Dúin agus an Chónaidhm ar son Grúpaí Pobail.

In 2019 tá na comhpháirtithe Pleanála Pobail le bualadh leis na grúpaí go léir a fuair maoiniú lena fháil amach cad é mar a rinne a dtionscadail difear ina bpobail.

# Clár nua maoinithe £2.3m lainseáilte do phobail iascaireachta




**Lainseáil Grúpa Gníomhaíochta Iascaigh Cheantar an Oirdheiscirt (SEAFLAG) clár maoinithe £2.3m i Meitheamh 2018. Tá an clár infheistíochta á chur ar fáil trí Thosaíocht 4 den Chiste Muirí agus Iascach Eorpach, tríd an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe.**

Is é atá in SEAFLAG ionadaithe ó na hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha agus Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, i gcomhpháirt le Comhairle Buirg na hArda agus an Dúin Thuaidh a dhéanann maoirseacht ar an chlár.

Spreagtar iarratais ó phobail iascaireachta Ard Ghlais, Chill Chaoil agus Phort an Bhogaidh agus na ceantair mórthimpeall. Tá an clár seo dírithe ar an fhás eacnamaíoch agus cruthú poist a chur chun cinn, ionchuimsiú sóisialta, agus tacú le soghluaisteacht saothair do phobail chósta agus intíre atá ag brath ar an iascaireacht agus ar an uisceshaothrú. Tá an scéim ann chomh maith le cuidiú le pobail éagsúlú taobh istigh d'iascaigh agus isteach in earnálacha eile den gheilleagar muirí.

Le tuilleadh eolais a fháil cuir ríomhphost chuig sea@nmandd.org, nó glaoigh ar 0300 013 2233.

sea
South East Area
European Maritime
and Fisheries Fund



# Cuireann Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Bheanna Boirche, Shliabh gCuillinn agus Leath Chathail £1m de mhaoiniú tuaithe

Tá Comhpháirtíocht Forbartha Tuaithe Bheanna Boirche, Shliabh gCuillinn agus Leath Chathail go fóill ag cur ar fáil maoiniú do chónaitheoirí faoin tuath i gceantar an Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, le corradh is 45 ghnólacht ag baint tairbhe as £1m ó Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil.

Tá lúcháir ar an chomhpháirtíocht chomh maith as a bheith páirteach i roinnt tionscnamh pobalbhunaithe, lena n-áirítear mol pobail CLG Thigh Chonnacht chomh maith le hIonad Pobail Thamhnaigh Naomh, a bheidh beirt réidh le críochnú go luath in 2019.

Tá lúcháir ar an Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil as a bheith in ann £500,000 a chur ar fáil le cuidiú páirceanna súgartha a sholáthar ar fud an cheantair, chomh maith le feabhsuithe suntasacha sráidbhaile agus baile a chur ar fáil in 2019.

Tá obair ag dul ar aghaidh ar fhorbairt ar an chaidreamh lenár gcomhpháirtithe tionscadail i gContae Mhaigh Eo agus ar fhorbairt na dtailte thart ar Theach Dhoire Mhóir, an Sruthán agus Halla an Mhúraigh i gContae Mhaigh Eo. Táthar ag dréim leis go mbeidh na tionscadail seo i gcrích le linn 2019.

Mourne, Gullion & Lecale
Rural Development Partnership

Department of Agriculture, Environment and Rural Affairs
www.daera-ni.gov.uk

rural Development Programme

'The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas'.

LEADER

## Ag obair i gcomhpháirtíocht lenár bpobail go léir

Gach bliain tacaíonn an chomhairle le gníomhaíochtaí agus grúpaí sa cheantar le gach cineál rannpháirtíochta pobail a chur chun cinn.

Sa bhliain airgeadais dheireanach seo, 2018/19, fuair an chomhairle 668 n-iarratas ar Ghlao 1 den Scéim Chúnamh Airgeadais. Scaipeadh níos mó ná £1.5m ar 491 ghrúpa iarratais agus bronnadh corradh is £1m ar thionscadail phobail, spóirt agus mionchaipitil.

I measc na dtionscadal atá incháilithe don mhaoiniú bhí turasóireacht, margaíocht agus imeachtaí Gaeilge, rannpháirtíocht phobail agus laethanta sábháilteachta, tionscadail forbartha spóirt agus scéimeanna samhraidh. Bhí na tionscnaimh Down Your Street, Sports Active agus Good Relations ina measc siúd a fuair cuidiú.

## Bhí lucht na seideanna ó fud fad an cheantair ar cuairt ag Seid na bhFear i Ros Treabhair

Le Seachtain Idirnáisiúnta Shláinte na bhFear a chomóradh i Meitheamh 2018, thug níos mó ná 100 fear ó fud fad seacht dtoghcheantar na comhairle cuairt ar Sheid na bhFear i Ros Treabhair i dtoghcheantar Chrotsléibhe le saincheisteanna a bhaineann leo a phlé. Labhair lucht na seideanna i Ros Treabhair le chéile faoi na dúshláin a bhí rompu ag cur ar bun a seide, agus an dul chun cinn atá bainte amach acu, leis na grúpaí ar cuairt.

Cuireann Seid Fear Ros Treabhair réimse tionscadal ar fáil, lena n-áirítear garraíodóireacht, adhmadóireacht, cainteanna stairiúla agus turais lae. Cuid chomhionann dá n-éiteas is ea cur leis an phobal áitiúil, ag roinnt a scileanna eagraíochtúla agus saineolas praiticiúil. D'ainmnigh an chomhairle do ghradam IPB Mórtas Baile.

# PEACE IV

I mbliana d'fháiltigh ár gcomhairle roimh £4.7m de mhaoiniú AE do Phlean Gníomhaíochta Údaráis Áitiúil PEACE IV – Lastall den Chaoinfhulaingt.

Mar phríomh-chomhpháirtí, tá muid freagrach as na codanna sin den phlean gníomhaíochta PEACE IV a chuireann chun cinn síocháin agus athmhuintearas i dtrí phríomhréimse: leanaí agus daoine óga, spásanna comhroinnte agus seirbhísí, agus dea-chaidrimh a thógáil.

Mar chuid de na téamaí seo, bhí baint againn le roinnt tionscadal corraitheach lena n-áirítear tochailt seandálaíochta i nDún Pádraig, cór trasphobail a fhorbairt agus feachtas meán le hilghnéitheacht an réigiúin a cheiliúradh.

## Tochailt seandálaíochta Dhún Pádraig

Nocht an tochailt seandálaíochta a thosaigh cóngarach d'Ardeaglais Dhún Pádraig ag deireadh Iúil 2018 déantáin thábhachtacha – lena n-áirítear uirlis bhreochloiche Mhéisilíteach ó dháta timpeall 8,000 roimh Chríost – agus chruthaigh sé spéis mhór sa bhaile. Tá an tochailt taobh istigh de ráth ársa sa dún inar dócha gur cuireadh Naomh Pádraig i ndeireadh an 5ú haois agus mar ar bunaíodh mainistir ina ainm san 8ú haois.

Tógáil croí a bhí sa tochailt agus sna fionnachtana dár bpobail go léir mar is carachtar ríthábhachtach é Naomh Pádraig i stair chomhroinnte an bhaile. Cuideoidh na fionnachtana seo linn stair Chnoc na hArdeaglaise a léirmhíniú agus cuideoidh siad linn níos mó eolais a chur ar fáil ar oidhreacht Naomh Pádraig do chuairteoirí ar Ardeaglais an Dúin, Iarsmalann Chontae an Dúin agus Ionad Cuairteoirí Naomh Pádraig.

Bhí timpeall 40 saorálaí páirteach sa tochailt thar thréimhse ceithre seachtaine i Lúnasa 2018, idir 12 agus 70 bliain d'aois. Tháinig cuid de na saorálaithe seo ó Chlub Seandálaithe Óga Iarsmalann Chontae an Dúin, mic léinn, díograiseoirí áitiúla agus daoine ar scor, fonn orthu uilig oidhreacht Naomh Pádraig a nochtadh. Tháinig a lán daoine eile go dtí an suíomh, díreach le bheith páirteach san fhuadar – bhí níos mó ná 2,500 duine ó 20 tír ar cuairt.










# Le chéile in amhránaíocht

Bhí níos mó ná 100 duine óg ó 18 scoil ar fud an cheantair páirteach sa chór Páistí agus cuidiú le Páistí. Bhí éisteachtaí ann ar bhonn trasphobail, ag cumasú caidrimh nua a bhunú agus foghlaim thraschultúrtha, agus thacaigh maoiniú PEACE IV AE leo.

Tháinig an cór le chéile le feasacht a ardú ar ionad tacaíochta cónaithe Daisy Lodge de chuid Chiste Ailse do Leanaí taobh amuigh den Chaisleán Nua. Le cuidiú ó cheoltóir/scríbhneoir amhrán áitiúil tugadh an deis don chór freastal ar stiúideo taifeadta lena nglórtha a thaifeadadh agus rinneadh iad a scannánú go gairmiúil don DVD.




# Ag ceiliúradh na héagsúlachta cultúrtha

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus spreagadh na héagsúlachta cultúrtha agus níos mó comhtháthú sóisialta. Mar chuid den sprioc seo lainseáil muid feachtas nua a spreag smaointe le dul i ngleic leis an chiníochas, deireadh a chur le miotais atá go fóill ann, agus tabhairt faoi mhíthuiscintí faoi ghrúpaí mionlaigh eitneacha.

Tá an tionscnamh seo ailínithe le clár dea-chaidrimh na comhairle, a thugann spreagadh agus tacaíocht do ghníomhaíocht a chuireann caidrimh dhearfacha idir daoine ó chúlraí éagsúla le cuidiú a gcaighdeán beatha a fheabhsú. Rolladh amach an clár Lastall den Chaoinfhulaingt ar raidió, cláir fógraí, nuachtáin agus ar fud na meán sóisialta inár gceantar.

# Infheistiú ar son dul chun cinn

Sprioc thábhachtach do Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin is ea cuidiú le daoine óga agus aosaigh fostaíocht fhiúntach a fhéil agus is sprioc í a bhfuil muid tiomanta di.

Tá freagracht ar an chomhairle as an chlár Oibrigh É, ar fiú £2.7m é, a bhainistiú, atá á mhaoiniú ag Ciste Infheistíochta Sóisialta Oifig an Fheidhmeannais, a bhfuil d'aidhm aige coinníollacha sóisialta a fheabhsú agus fás eacnamaíoch a spreagadh i dTuaisceart Éireann mar a bhfuil bochtaineacht, dífhostaíocht agus dearóiliú.

Thairg an clár 48 seachtaine d'fhostaíocht do 160 duine óg agus aosach incháilithe i gceantar an Iúir agus i gceantair eile an deiscirt. Mar chuid den scéim thug sé do na rannpháirtithe oiliúint chreidiúnaithe agus forbairt scileanna pearsanta agus gairmiúla. Chuir an scéim seo deiseanna i láthair iarrthóirí le muinín a thógáil agus a bhféidearthacht a bhaint amach – uilig dírithe ar infhostaitheacht amach anseo.

Tá a luach cruthaithe ag an chlár – bhain gach rannpháirtí na spriocanna inmhianaithe amach agus sé mhí i ndiaidh don chlár críochnú tá 126 go fóill i bhfostaíocht.

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk
DELIVERING SOCIAL CHANGE
THROUGH THE SOCIAL INVESTMENT FUND

## Cuireann Toghcheantar Bheanna Boirche Sláinte agus Folláine chun cinn

Ag obair i gcomhpháirt le hIontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt, thionóil Cumann Pobail Chill Chaoil agus an Chomhghuaillíocht Aoisbháúil, Fóram Thoghcheantar Bheanna Boirche ócáid sláinte agus folláine i gceantar Chill Chaoil. Eagraíodh an ócáid mar fhreagairt ar éileamh áitiúil ar sheirbhísí níos inrochtana, laghdú in aonrú sóisialta, agus oideachas níos fearr maidir le sláinte agus sábháilteacht phobail.

Thug an ócáid le chéile cónaitheoirí áitiúla le roinnt soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear Dementia NI, Home Safety, PCSP, Action on Hearing Loss, Ospís Cheantar an Deiscirt, Iontaobhas Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Deiscirt agus eile a thug eolas luachmhar saolathraitheach agus comharthaí do dhaoine a chónaíonn i gceantar Bheanna Boirche.

## Ag ceiliúradh na Gaeilge

Is cuspóir tábhachtach dár gcomhairle é an Ghaeilge a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Mar chuid dár rannpháirtíocht i Seachtain na Gaeilge 2018 lainseáil muid scéim sparánachta £30,000. Bhí gach pingin caite roimh thús na Samhna 2018.

Don chéad uair bhí dhá theamaí Gaeilge sa Scéim Chúnamh Airgeadais a osclaíodh san earrach. As na 15 thionscadal a n-éirigh leo bhain roinnt acu le pobail nua a bhfuil spéis acu a bheith páirteach sa teanga.

I nDeireadh Fómhair 2018 aithníodh Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin agus Aonad na Gaeilge go háirithe as a bhfuil bainte amach acu ag cur chun cinn na Gaeilge ag ócáid cheiliúrtha i Halla na Cathrach, Béal Feirste.



## Ag cumasú pobal le dul i ngleic leis an choiriúlacht agus le heaglach na coiriúlachta

'Ag cuidiú pobail a dhéanamh níos sábháilte agus ag cinntiú go gcluintear glórtha daoine' – sin é ról na gComhpháirtíochtaí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (CPSP), a oibríonn go crua lena chinntiú go gcluintear daoine áitiúla maidir le saincheisteanna mar iompraíocht fhrithshóisialta, drugaí agus alcól, coiriúlacht bunaithe ar inscne, sábháilteacht bhóthair, coiriúlacht tuaithe agus coiriúlacht fuatha.

Tá d'aidhm ag CPSP an Iúir, Mhúrn agus an Dúin pobail a chumasú le bheith ag obair i gcomhpháirt le réitigh a fhorbairt a chuideoidh dul i ngleic leis an choiriúlacht agus le heagla na coiriúlacht.

Sa CPSP tá 10 gcomhairleoir agus naoi gcomhalta neamhspleácha chomh maith le hionadaithe ón PSNI, Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann, Feidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann, Gníomhaireacht Ceartais Óige, Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann, Údarás Oideachais agus na Iontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta an Oirthdeiscirt agus an Deiscirt.

Le tuilleadh eolais a fháil cuir pcsp@nmandd.org

Lean CPSP an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ar Facebook, Twitter agus Instragram.

- @nmd_pcsp
- @newrymourneanddownpcsp
- @nmdpcsp






PCSP Policing & Community Safety Partnership
making Newry, Mourne & Down safer

Neighbourhood Watch

## Ag amharc ar ár ngnólachtaí fás

Ceann dár bpríomhthosaíochtaí is ea ár mbonn gnólachtaí a fhás. Tá roinn clár tacaíochta corraitheacha lainseáilte againn a thugann cuidiú duine le duine do ghnólachtaí beaga le dúshláin a bhaineann le custaiméirí nó margaí nua a aimsiú a shárú.

Tacóidh an réimse clár ar a laghad 1,000 gnólacht a fhad le mí na Nollag 2023 trí thacaíocht mheantóireachta duine le duine, ceardlanna, cláir théamacha agus ócáidí líonraithe. Lena fháil amach an féidir le do ghnólacht tacaíocht a fháil tríd an chlár seo gabh chuig www.newrymournedown.org/business nó cuir ríomhphost business@nmandd.org.

Tá an tionscadal seo páirtmhaoinithe ag Invest Northern Ireland agus an Ciste Forbartha Réigiúnaí Eorpach faoina Chlár Infheistíochta don Fhás & Poist Tuaisceart Éireann (2014-2020).




NMD BUSINESS GROWTH

European Union
European Regional Development Fund
Investment for Growth and Jobs




# Tagann margaí ceardaithe go Dún Pádraig agus an Caisleán Nua

DOWNPATRICK ARTISAN MARKET

NEWCASTLE ARTISAN MARKET

I samhradh 2018 tháinig margaí ceardaithe go Dún Pádraig agus an Caisleán Nua. Fuair margadh ceardaithe Dhún Pádraig baile dó féin i gclós stairiúil Iarsmalann Chontae an Dúin agus tá margadh an Chaisleáin Nua lonnaithe ar an Phromanáid Lárnach.

Bíonn margadh an Chaisleáin Nua ar siúl ar an chéad Satharn den mhí agus bíonn margadh Dhún Pádraig ar siúl ar an tríú Satharn. Tarraingíonn an bheirt acu líon mór méadaitheach custaiméirí áitiúla agus as bealach isteach atá buíoch. Bíonn beogacht sna bailte ar laethanta margaí, le táirgeoirí agus ceardaithe ag cur fáilte roimh an deis a dtairiscintí ar ardchaighdeán a chur chun cinn. Le siamsaíocht agus gníomhaíochtaí do leanaí, is lá amuigh don teaghlach ar fad é dáiríre.












# Á dhéanamh áitiúil

Tá muid iontach bródúil as ár dtáirgeoirí agus ceardaithe áitiúla agus tá muid ag déanamh gach rud is féidir linn le hiad a spreagadh a n-earraí a dhíol leis an lucht féachana is leithne.

Tá an tionscnamh 'Déan é Áitiúil, atá á chur inár mbailte agus sráidbhailte uilig, i ndiaidh brandaí ar leith a chruthú do gach príomhbhaile le daoine a chur ar an eolas cén áit is féidir leo an chuid is fearr atá le cur ar fáil ag ceantar a cheannach.

MAKE IT LOCAL




## Leanann an réabhlóid dhigiteach ar aghaidh do ghnólachtaí beaga

Tá muid ag maireachtáil in am ina bhfuil dul chun cinn teicneolaíochta dochreidte – ní hamháin tríd an idirlíon, ach chomh maith in úsáid braiteoirí, réaltacht bhreisithe, réaltacht fhíorúil agus intleacht shaorga.

Agus cé go bhfuil na cineálacha nua cumarsáide seo corraitheach, is féidir leo a bheith dúshlánach do ghnólachtaí beaga a fhoghlaim agus a úsáid go rathúil má tá siad le bheith san iomaíocht.

Le cuidiú le gnólachtaí beaga tá píolóta tugtha isteach ag an chomhairle, NMD Digiteach, an chomhoibriú leis an chomhairle, Coláiste Réigiúnach an Deiscirt agus Coláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt. Is é is aidhm don tionscadal cuidiú le gnólachtaí beaga na buntáistí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí seo, an nuálaíocht a spreagadh agus a scileanna digiteacha a fhorbairt trí mheantóireacht saineolaí duine le duine agus ceardlanna faisnéiseacha.

Go dáta d'óstaigh NMD Digiteach níos mó ná 10 gceardlann forbartha gnó, ag mealladh corradh is 226 de lucht freastail, agus thug siad meantóireacht duine le duine do naoi ngnólacht áitiúla le coincheapa, fréamhshamhlacha nó smaointe gnó nua a fhorbairt.

Tá súil againn anois NMD Digiteach a fhorbairt a thuilleadh agus chuir muid isteach iarratas faoin Chiste Forbartha Réigiúnach Eorpach go Invest NI le tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil in 2020.



## Páirc phoiblí stairiúil Eádbhardach an Phointe athoscailte

I ndiaidh obair a bheith críochnaithe le háiseanna a athbheochan agus a uasghrádú osclaíodh Páirc Phoiblí an Phointe ar an 31 2018.

Fuarthas £850,000 de mhaoiniú ón Chlár um Páirceanna do Dhaoine de chuid Chiste Oidhreachta an Chrannchuir Náisiúnta, le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin ag tabhairt maoiniú suntasach i dtreo an tionscadail.

Tá athnuachan na páirce i ndiaidh an limistéar súgartha, cúirt leadóige, garraithe, pailliún agus ardán banna ceoil a thabhairt ar ais chomh glórmhar agus a bhíodh.

Beidh muid ag ceiliúradh na seoide stairiúil seo le clár scoileanna agus imeachtaí pobail agus tá muid ag iarraidh ar dhaoine áitiúla agus daoine eile a arbh fhéidir go raibh siad ar saoire ar an Phointe meabhrú ar chuimhní ar chuairt ar an pháirc. Comhroinnfear na cuimhní seo trí thaispeántais agus imeachtaí eile sna blianta seo romhainn.

Tá saorálaithe áitiúla anois á lorg le cuidiú le tionscadail taighde, imeachtaí agus turais sa pháirc. Más mian leat tuilleadh eolais déan teagmháil le Foireann Tionscadail HLF ag Halla Baile an Pointe, teileafón 028 4177 4381.

## Glasbhealach Loch Cairlinn oscailte anois

Tharla oscailt oifigiúil Ghlasbhealach Loch Cairlinn ón Iúr go Loca Victoria ar an 27 Iúil 2018 le críochnú na coda ó Dhroichead Bhóthar Bhaile Átha Cliath, an tIúr, trí Dhuga Ailbhe agus taobh le Meánbhruach a fhad le Loca Victoria.

Tá muid ag leanúint ar aghaidh ag obair ar an chuid eile ó Loca Victoria go hÓ Méith. Faoi 2020 beidh glasbhealach 20km ón Iúr go Cairlinn oscailte dóibh siúd atá ag iarraidh siúl nó dul ar rothar i mórcheantar na teorann.









# An tIúr, Múrna agus an Dún – príomh-cheannscríbe turasóireachta go fírinneach

Lenár sléibhte, lochanna, cósta agus radhairc thaibhseacha, tá an áilleacht nádúrtha go léir ag an Iúr, Múrna agus an Dún le sceitimíní a chur ar na daoine a thagann dtí ár réigiún.

Is tiomántán ríthábhachtach í an turasóireacht dár gceantar agus tá muid ag iarraidh go mbeidh sé ina chuspóir corparáideach sinn a bheith ar cheann de na príomh-cheannscríbeanna turasóireachta ar oileán na hÉireann.

Le trí bliana anuas tá muid ag obair le tionscadal na turasóireachta agus ár gcomphháirtithe sa rialtas áitiúil le heispéiris chorraitheacha do chuairteoirí faoin téama ‘Sléibhte, Miotais agus Muirí’. Lean muid ar aghaidh ag forbairt féilte nua faoin bhranda Eachtraí Fathaigh, ag tabhairt le chéile imeachtaí den chéad scoth le gliondar a chur ar ár margadh cuairteoirí atá ag dul i méad.

Tá toradh ar ár n-iarrachtaí; dar le Gníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann, ó 2015 i leith d’ardaigh turasóirí a gcaiteachas inár gceantar faoi 88% go £90.4 in 2017. Ba é seo an méadú ba mhó a taifeadadh sna 11 cheantar rialtais áitiúil go léir.



## Eispéiris nua cuairteoirí ar fáil

I mbliana lainseáil muid an chéad Phlean Eispéiris Cuairteoirí i dTuaisceart Éireann. Spreagann an cur chuige nua seo gnólachtaí teacht le chéile le cineál nua eispéiris a thairiscint, bailithe timpeall ar phríomhthéamaí agus réimsí.

Cheana féin tá eispéiris turasóirí forbartha againn ag díriú ar Game of Thrones agus ar ár dtírdhreach álainn, bia den scoth agus scéalta na ndaoine agus na gcarachtar ónár réigiún.

Sa bhliain seo ag teacht leanfaidh muid ar aghaidh ag dul i dteagmháil lenár gcomhlachtaí taistil le heispéiris a thabhairt do chuairteoirí idirnáisiúnta a mbeidh cuimhne acu orthu go deo i gceann de na réigiúin is áille.

# Leanann na heachtraí ar aghaidh agus ar aghaidh

In 2018 tháinig an clár imeachtaí Eachtraí Fathaigh ar ais, le cúig imeacht shuntasacha ag tarraingt sluaite móra agus ag cuidiú tírdhreacha suaithinseacha, sléibhte agus cóstaí atá uathúil sa réigiún seo a chur i láthair.



**Coiscéimeanna sa Choill**
Threoraigh Coiscéimeanna sa Choill daoine a bhí ag lorg eachtraí trí fhoraois Shliabh gCuillinn i dturas téatair ag lorg dragún agus le cuidiú an ceann is fearr a fháil ar chailleach Chuillinn, an Chailleach Bhéara. Deireadh seachtaine dodhearmadta a bhí ann, lán scéalaíochta, ealaíon, cultúir, bia agus oidhreachta, ar bhaint daoine de gach aois sult as.

**Féile na Scifeanna**
Dóibh siúd inár measc atá ar thóir sceitimíní, i mbliana tháinig Féile na Scifeanna, a bhfuil an oiread sin gnaoi uirthi, ar ais go Páirc Thuaithe Delamont. In ainneoin aimsir dhúshlánach ar an chéad lá den fhéile, bhí cuairteoirí faoi dhraíocht ag an líon mór rásaí rámhaíochta agus ag na scileanna a bhí ar taispeáint. Thaitin an réimse leathan gníomhaíochtaí teaghlaigh saor in aisce leo chomh maith – turais bháid, ceol beo, taispeántais macasamhla eitleáin agus sráidbhaile bia.

**Féile na hEitilte**
I mí Lúnasa tháinig ar ais Féile na hEitilte, lena rabhthas ag feitheamh go crua. Ar an drochuair d'oibrigh an aimsir inár n-éadan i mbliana, agus cuireadh an seó aeir ar ceall dá bharr sin. Fiú gan an seó aeir bhí go fóill cuid buaicphointí iontacha ann ar bhain daoine sult astu i rith an lae – thaitin an Sráidbhaile Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitic le hóg agus le haosta araon. Tá muid ag obair go crua cheana féin ar chlár na bliana seo agus tá muid ag súil leis a bheith fiú níos mó agus níos fearr.



**Múscail an Fathach**
Tháinig Múscail an Fathach ar ais chun an Phointe, ceann dár n-imeachtaí is mó a mbíonn daoine ag feitheamh leis, sa chlár Eachtraí Fathaigh. I mbliana bhog muid isteach i láithreán eile i bPáirc Chluain Dalláin. Thug an fhéile dhá lá rud éigin do gach duine le ceol beo den scoth, téatar agus ceardlanna ceardaíochta do pháistí.

**Cathair Ceannaithe**
Rinn Féile Ceannaithe an lúir ceiliúradh ar oidhreacht cheannaithe, mhuirí agus thionsclaíoch le léirithe téatair, turais staire, siamsaíocht sráide agus togha an bhia ag an Mhargadh Choineascair a bhfuil an oiread sin gnaoi air. Thug SPARK! seó mór de dhrumadóireacht, feistis, cóiréagrafaíocht agus solais, ag tabhairt sluaite trasna an bhaile leis an áit is fearr a roghnú le breathnú ar na taispeántais tinte ealaíne is fearr sa cheantar.

**Ag teacht aníos i mbliana**
Bhí réimse iontach imeachtaí againn i mbliana inár gceantar; a lán acu maoinithe ag an chomhairle, lena n-áirítear ócáidí ceiliúrtha na Samhna agus na Nollag chomh maith le féilte tábhachtacha réigiúnacha cosúil le Fleadh Uladh i gCaisleán Uidhilín agus Craobhchomórtais Chumann Ríoga Bannaí Píob na hAlban ar an Chaisleán Nua.

Tá pleananna á dtabhairt chun críche do 2019, le féilire iomlán imeachtaí corraitheacha agus nuálach, lena n-áirítear bliana Eachtraí Fathaigh. Foilseofar sonraí sna míonna seo romhainn. Le nuashonruithe a fháil téigh go visitmournemountains.co.uk




# Ag dul i ngleic le salú madadh agus ár gcomharsanachtaí a choinneáil glan agus glas

Is tosaíocht ard dúinn uilig é ár gceantar agus ár gcomharsanachtaí a choinneáil glan agus glas – leoga, tá sé ar cheann dár gcuspóirí corparáideacha. Mar chuid de seo, lainseáil muid feachtas nua feasachta lena chur i gcuimhne d'úinéirí madaidh an pháirt a chaithfidh siad a imirt trí shalachar a madaidh a thógáil. Rolladh amach an feachtas nua seo i ndiaidh go bhfuarthas amach go raibh leibhéil salaithe madaidh ardaithe ó bhí anuraidh ann – rud a chreidimid a bheith doghlactha ag gach duine.

Tá dhá chéim inár straitéis, an chéad cheann a chur i gcuimhne d'úinéirí madaidh go bhfuil siad freagrach as a bpeataí agus gur féidir fíneáil suas le £80 a thabhairt dóibh mura nglanfaidh siad suas ina ndiaidh.

Déanfaidh an dara céim, a lainseálfar níos faide anonn i mbliana, forbairt ar an téama úinéireacht madaidh fhreagrach agus cuirfidh muid i gcuimhne cad é a chaithfidh siad a dhéanamh nuair a ghlacann siad leis an fhreagracht a bhaineann le húinéireacht madaidh. Áirítear air seo a chinntiú go bhfuil ceadúnas acu dá madadh, go bhfuil micrishlis ann, go gcaitheann sé coiléar agus go gcoinníonn úinéirí smacht ar a bpeataí i gcónaí agus, ar ndóigh, go nglanfaidh siad suas ina ndiaidh!

**Mar sin déanaimis cinnte de go bhfuil ár gceantar glan, néata agus sábháilte – tóg an cac!**

# Ná cuir sa bhosca bruscair dhubh é, cuir sa bhosca bruscair ghorm é!

I mbliana rinne muid beagnach 11,000 tonna de dhramhaíl a athchúrsáil inár mboscaí bruscair gorma. Is éacht mór é seo agus chuidigh sé lenár gcomhairle a ráta athchúrsála a mhéadú go 46%.

Tá teaghlaigh ag éirí níos fearr ag úsáid boscaí bruscair gorma agus tá muid ag feiceáil go bhfuil níos lú éillithe iontu.

Ach d'fhéadfaimis a bheith ag déanamh níos mó agus is mian linn an ráta athchúrsála sna boscaí bruscair gorma a mhéadú níos mó. Ba chóir seasca faoi gcéad dá gcuirimid inár mboscaí bruscair dubha a athchúrsáil sa bhosca bruscair ghorm. Is obair é seo do gach duine – sula gcaithfidh tú rud éigin amach i do bhosca bruscair dubh, amharc an féidir é a athchúrsáil. Beidh iontas ort faoi méid is féidir leat a athchúrsáil.








## Cosain agus bain sult as do limistéar sáráilleachta nádúrtha

Tá Comhpháirtíocht Loch Cuan agus Leath Chathail ag leanúint ar aghaidh lena gcuid oibre le pobail áitiúla le seoda an limistéir sáráilleachta nádúrtha seo a chosaint agus a chaomhnú.

Chomh maith le bheith ag obair le grúpaí le lenár mbithéagsúlacht áitiúil a chaomhnú agus a chosaint, leanann an chomhpháirtíocht ar aghaidh lena cuid oibre le dul i ngleic le bruscar muirí contúirteach agus mímhaiseach timpeall ár gcósta álainn. I mbliana go díreach d'eagraigh Comhpháirtíocht Loch Cuan agus Leath Chathail sé imeacht glanta trá le grúpaí éagsúla pobail agus caitheamh aimsire taobh amuigh. Bhí 230 saorálaí ar fad ann, idir óg agus sean, ar tír agus ar muir, a tháinig le chéile le timpeall 2km de chósta a ghlanadh, ag bailiú agus ag baint ar shiúl 2.5 tonna de bhruscar ónár gcladach.

Más spéis leat, nó grúpa ina bhfuil tú, páirt a ghlacadh i nglanadh trá, bí i dteagmháil le Judith Caldwell trí ríomhphost a chur chuig judith.caldwell@strangfordlough.org.

## Dramhaíl is ea ár dteideal, athchúrsáil is ea ár ngnó

Tá an chomhairle freagrach as an dramhaíl uilig inár gceantar a bhailiú, a sheachadadh, a chóireáil, a stóráil agus a sheachadadh. Tá sé tábhachtach go ndéanfaimid athchúrsáil ar an oiread agus is féidir – ní hamháin le costais a laghdú ach le cuidiú ár gcomhshaol fíorluachmhar a chosaint agus an truailliú a laghdú.

Is é an sprioc rialtais atá socraithe do gach comhairle 50%. Tá muid faoi láthair ag 46.1% mar sin caithfidh muid a bheith ag obair go crua lenár n-athchúrsáil a ardú – ní dhéanfaidh an céatadán atá le hathchúrsáil againn ach méadú de mar a thabharfar isteach tionscnaimh bhreise athchúrsála.

Anuraidh bhailigh muid 76,000 tonna de dhramhaíl phoiblí, ar seachadadh 25% di, nó 19,000 tonna, ag ionaid athchúrsála bhaile.

Tá muid freagrach chomh maith as an dramhaíl go léir a bhailítear ag ár n-ionaid athchúrsála bhaile a chóireáil agus a sheachadadh. Faoi láthair tá 10 n-ionad againn sa cheantar agus is féidir an chuid is mó dramhaíola a thugann cónaitheoirí isteach a athchúrsáil ach é a chur sa scipe cheart. Ach níl muid ag déanamh athchúrsála ar gach rud a d'fhéadfaimis. Is é ár sprioc féin a bheith in ann 75% de rudaí a athchúrsáil ag ionaid athchúrsála baile, ach tá muid faoi láthair ag baint 59% amach.

Ba mhaith linn béim a chur ar an ghá le dramhaíl a bheith réamhshórtáilte sula dtugtar a fhad le ceann ar bith dár n-ionaid athchúrsála bhaile. Tá an réamhshórtáil riachtanach lena chinntiú go n-aithnítear dramhaíl in-athchúrsáilte agus go gcuirtear í sna scipeanna cearta. Cuideoidh seo go mór ár rátaí athchúrsála agus laghdóidh sé an méid dramhaíola a théann go líonadh talún.



## Ag déanamh muirín de dhramhaíl

I mbliana rinne muid athchúrsáil ar 4,800 tonna breise de dhramhaíl bia, arb ionann é agus dhá mhilliún mála bia dramhaíola. Is fíoréacht é seo. Is féidir muirín atá déanta de bhia athchúrsáilte a úsáid i bpáirceanna áitiúla nó a dhíol le feirmeoirí lena n-ithir a shaibhriú agus iad ag fás níos mó bia. Is fáinne sochair dáiríre é agus tá muid ag iarraidh fiú níos mó a dhéanamh sa bhliain seo amach romhainn.

Tá fonn ar an chomhairle cuidiú leat do bhia dramhaíola a athchúrsáil; le déistin a sheachaint cuirimid ar fáil málaí muirín do do bhosca bia saor in aisce. Amharc ar ár suíomh gréasáin le ceann de na 30 ionad bailiúcháin cóngarach duit a aimsiú.

**Téigh chuig: www.newrymournedown.org/ household-recycling-centres**

# Tuarascáil Bhliantúil 2018/19

## Fíricí agus figiúirí

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin freagrach as réimse leathan seirbhísí do ghnólachtaí agus cónaitheoirí, lena n-áirítear rialú tógála, ceadúnú madadh agus siamsaíochta agus sábháilteacht ár stáisiún artola a chinntiú.

Le linn 2018/19 fuair muid 2,763 iarratas rialaithe tógála agus rinne muid 12,508 gcigireacht láithreáin. Mar chuid dár seirbhís is féidir linn cuidiú le dearthóirí, tógálaithe agus an pobal cloí leis na rialacháin.

Is cuid thábhachtach d'fheidhmeanna na comhairle ceadúnú agus cinntímid go leantar rialacháin thábhachtacha sláinte agus sábháilteachta. I mbliana d'eisigh muid 5,147 gceadúnas madaidh agus 224 cheadúnas siamsaíochta d'imeachtaí éagsúla. D'eisigh an chomhairle 56 cheadúnas peitril, ag cinntiú go gcomhlíonann stáisiúin artola rialacháin thábhachtacha shábháilteachta agus iad ag stóráil agus ag díol na táirge so-lasta seo.

| An méid a rinne muid | |
|---|---|
| Cigireachtaí déanta | 12,508 |
| Ceadúnais mhadaidh a eisíodh | 5,147 |
| Iarratais rialaithe foirgnimh a fuarthas | 2,763 |
| Ceadúnais siamsaíochta a eisíodh | 224 |
| Ceadúnais pheitril a eisíodh | 56 |

## Molta d'íocóirí rátaí tairbhe a bhaint as lacáiste rátaí

Tá an chomhairle ag moladh d'íocóirí rátaí agus úinéirí tí a fhaigheann creidmheas uilíoch a sheiceáil an bhfuil siad incháilithe don scéim nua lacáiste rátaí.

Tá an scéim á riar ag Seirbhísí Talún & Maoine, cuid den Roinn Airgeadais, le cuidiú a thabhairt d'íocóirí rátaí a fhaigheann creidmheas uilíoch maidir le híocaíocht na rátaí don teach ina bhfuil siad ina gcónaí. Tá an lacáiste rátaí á rolladh amach i gcomhar leis an chreidmheas uilíoch ar fud Thuaisceart Éireann.

Ba chóir do thionóntaí nó úinéirí tí iarratas a chur isteach ar son lacáiste rátaí nuair a bhronnfar creidmheas uilíoch orthu. Úsáidfear sonraí creidmheasa uilíoch le méid an lacáiste rátaí is féidir a bhronnadh a dheimhniú. Ba chóir aon éileamh ar lacáiste rátaí a dhéanamh taobh istigh de thrí mhí ó fhaigheann an t-éilitheoir an chéad íocaíocht creidmheasa uilíoch lena chinntiú nach gcailltear aon chuid d'aon bhronnadh ina dhiaidh sin.




**Le haghaidh cuidiú leis an phróiseas iarratais ar líne glaoigh ar Seirbhís déan teagmháil le Seirbhís Talún agus Maoine ar**

**T: 0300 200 7802**

# Clocha míle ar saoil a mharcáil

Feidhm thábhachtach do sheirbhís clárúcháin na comhairle is ea amanna tábhachtacha inár saol a chomóradh – breitheanna, básanna, póstaí agus páirtnéireachtaí sibhialta – agus bhí am gnóthach againn i mbliana.

Sa bhliain dar chríoch an 31 Márta 2018 chláraigh muid 2,475 bhreith, 1,427 mbás, agus 998 bpósadh shibhialta agus reiligiúnach, le baill foirne den chomhairle i mbun corradh is 381 de na searmanais seo. Cé go dtarlaíonn an chuid is mó dá searmanais shibhialta in oifigí an chláraitheora i halla baile an Iúir agus Ionad Cathrach Dhún Pádraig, bhí muid i bhfeighil ag roinnt ionad sibhialta faofa ar fud an cheantair – áirítear orthu seo óstáin, bialanna, foirgnimh phoiblí agus tithe príobháideacha.

Tá de phribhléid againn páirt a imirt sna hamanna is tábhachtaí i saol ár gcónaitheoirí agus tá rún daingean againn seo a dhéanamh ar bhealach comhbhách agus íogair. Déanaimid athbhreithniú leanúnach ar cad é mar a chuirimid na seirbhísí seo ar fáil agus freastalaímid ar na riachtanais agus na súilíochtaí, agus leanfaimid ar aghaidh á dhéanamh seo sa bhliain seo romhainn.

Is féidir leat sonraí ár n-oifigí a fháil sna huimhreacha úsáideacha ar leathanach cúil an fhoilseacháin seo.

# Cad é mar a d'éirigh linn

In i mí na Samhna 2018, dheimhnigh an tIniúchóir Rialtais Áitiúil gur chuir Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin a cuid freagrachtaí i bhfeidhm maidir le feabhsú feidhmíochta agus tuairisciú.

**Ag breathnú siar**

Tá an chomhairle tiomanta an bealach a chuirtear seirbhísí ar fáil a fheabhsú go leanúnach agus i measc cuid dár buaicphointí feidhmíochta idir Aibreán agus Meán Fómhair in 2018 bhí:

## An méid atá baint amach againn

- ↑ 5.5% de mhéadú i bhfreastal ar áiseanna fóillíochta na comhairle i gcomparáid le Aibreán-Meán Fómhair 2017.
- ☺ 73.5% de chustaiméirí sásta le háiseanna fóillíochta na comhairle.
- ☺ 75 phost nua curtha chun cinn agus tacaíocht tugtha do 83 ghnólacht nua tosaithe.
- ☺ Mheall ár gcúig bhféile Eachtra Fathaigh 113,500 cuairteoir agus ghin sé tuairim is £3.2m don gheilleagar áitiúil.
- ↑ Laghdaíodh an t-am próiseála d'iarratais phleanála áitiúla de 2.8 sheachtain go 15.2 sheachtain i gcomparáid le hAibreán-Meitheamh 2017.
- ↑ 7.5% de mhéadú sa ráta athchúrsála i gcomparáid le Aibreán-Meith eamh 2017.
- ↑ 60% de laghdú sa mhéid dramhaíola ag dul go líonadh talún i gcomparáid le hAibreán-Meitheamh 2017.
- ↑ 7% de mhéadú i ndramhaíl i mboscaí bruscair gorma agus 34% de mhéadú i ndramhaíl i mboscaí bruscair donna.
- ☺ Fuair 73.5% de na 668 n-iarratas ar an Scéim Cabhrach Airgeadais níos mó ná £1.5m de mhaoiniú.

**Cuspóirí don bhliain seo ag teacht**

Tá cúig dhréachtchuspóir feabhsaithe feidhmíochta aitheanta ag Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin do 2019/20, agus seo a leanas iad:

1. **stíl bheatha fholláin trí níos mó rannpháirtíochta san fhóillíocht spórt agus imeachtaí caitheamh aimsire**
2. **Fás eacnamaíoch a fheabhsú trí thús gnólachtaí nua a chruthú, tacú le fás gnólachtaí reatha, agus an tIúr, Múrn agus an tIúr, Múrn agus an Dún a chur chun cinn mar phríomh-cheannscríbe turasóireachta**
3. **Athnuachan uirbeach agus tuaithe a chur i gcrích trí thionscnaimh a chruthóidh ceantar ina bhfuil fonn ar dhaoine maireachtáil, a bheith agus obair agus infheistíocht a chur isteach ann**
4. **Ceantar níos glaine, níos glaise agus níos tarraingtí a chruthú**
5. **Pobail áitiúla a spreagadh agus a chumasú le páirt a ghlacadh i struchtúir rannpháirtíochta agus tionscnaimh na comhairle.**

Fáiltímid roimh d'aiseolas ar na cuspóirí molta maidir le feabhsú feidhmíochta agus aon mholtaí a bheadh agat maidir le cad é mar is féidir linn ár seirbhísí a fheabhsú amach anseo, ríomhphost: council@nmandd.org. Tá tuilleadh eolais ar ár bhfeidhmíocht ar fáil ar shuíomh gréasáin na comhairle www.nmandd.org

## Suirbhé Cónaitheoirí

I Meitheamh 2018 choimisiúnaigh an chomhairle suirbhé cónaitheoirí. Ba é seo an chéad suirbhé mórscála ar chónaitheoir a rinneadh ó chomhcheangail Comhairle an Iúir agus Mhúrn agus Comhairle an Dúin in 2015.

Ba é ba chuspóir leis an tsuirbhé cuid buneolais a thabhairt dúinn mar le bhur dtuairimí agus leibhéil sástachta maidir le cuid dár seirbhísí. Cuideoidh seo linn le pleanáil agus cinnteoireacht amach anseo.


Ag cur fáilte roimh thorthaí an tsuirbhé, dúirt Cathaoirleach Chomhairle an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Comhairleoir Mark Murnin,

**“Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac an t-am an suirbhé seo a chomhlánú. Mar cheannaire poiblí tá sé tábhachtach go n-éistfimid le gach aiseolas, idir dhearfach agus diúltach, mar cuireann seo ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag forbairt seirbhísí a riarann ar riachtanais agus dóchas amach anseo ár saoránach go léir. Tá lúchair orm a fheiceáil go mothaíonn líon ard cónaitheoirí sábháilte inár bpobal agus creidim go gcuidíonn an chomhairle áit mhaith le cónaí ann den Iúr, Múrn agus an Dún.”**

## Príomhthorthaí

### Sástacht leis an chomhairle

- Tá **87%** de chónaitheoirí sásta leis an chomhairle ar an iomlán, le **11%** gan a bheith sásta ná míshásta, agus **1%** míshásta.
- D’úsáid **96%** de chónaitheoirí ar a laghad seirbhís amháin den chomhairle le 12 mhí anuas.
- Ba é an tseirbhís comhairle ba choitianta a úsáideadh sna 12 mhí dheireanacha bailiú bruscair **(64%)**.
- Creideann **75%** go gcuidíonn an chomhairle áit mhaith chónaithe a dhéanamh den Iúr, Múrn agus an Dún, le tromlach de chónaitheoirí ag rá go bhfuil muinín acu as an chomhairle **(73%)**.





**Sástacht le Comhairlí: TÉ 81%, BM 65%**

### Teagmháil leis an chomhairle

- Rinne **40%** chónaitheoirí teagmháil nó fiosrú leis an chomhairle sna 12 mhí dheireanacha, le teagmháil fóin níos mó ná leath (**55%**) de gach teagmháil le deireanas.
- Rátáil **73%** díobh siúd a dteagmháil is deireanaí mar ‘ar fheabhas’ nó ‘maith’.
- Bíonn **44%** de chónaitheoirí i dteagmháil leis an chomhairle ar na meáin shóisialta nó ar líne.
- Tá **73%** de chónaitheoirí tacúil don chomhairle níos mó seirbhísí a chur ar fáil ar líne.


| | |
|---|---|
| **Leibhéal:** | Bhí **40%** i dteagmháil leis an chomhairle |
| **Teagmháil den chuid is mó:** | ar ghuthán (**55%**), aghaidh le haghaidh (**15%**), ríomhphost (**15%**) agus suíomh gréasáin (**13%**) |




**Rátaí Sásachta um Theagmháil leis an Chomhairle (%)**

## Sástacht le ceantar


- Dúirt 90% de chónaitheoirí go raibh siad sásta lena gceantar áitiúil mar áit le cónaí ann.
- I measc na bhfadhbanna ba mhó a thuairiscigh cónaitheoirí ina gceantar áitiúil bhí: salachar agus salú madaidh (**56%**); madaidh ag tafann (**40%**); daoine ag úsáid nó ag déileáil drugaí (**34%**); agus grúpaí ag crochadh thart fá na sráideanna (**25%**).
- Mothaíonn **94%** de chónaitheoirí sábháilte ina gceantar áitiúil, agus mothaíonn **87%** sábháilte ina gceantar áitiúil sa dorchadas.




**Sásacht leis an Cheantar: Comhairlí TÉ 90%, Comhairlí na Breataine Móire 78%**

## Sláinte agus Folláine

- Dúirt **48%** de chónaitheoirí go bhfuil infheistíocht leis an gheilleagar a fhás, poist a chruthú agus turasóirí a mhealladh ar an chineál infheistíochta is tábhachtaí don cheantar.
- Creideann **38%** de chónaitheoirí go bhfuil meabhairshláinte agus féinbhás ar an tsaincheist sláinte agus folláine is tábhachtaí ina gceantar.
- Dúirt **74%** de chónaitheoirí gur mhaith leo níos mó seirbhísí áitiúla le meabhairshláinte agus folláine a fheabhsú.
- Thug **78%** de chónaitheoirí 30 bomaite nó níos mó de ghníomhaíocht fhisiciúil ar lá amháin sa tseachtain ar a laghad.




**An tsaincheist sláinte agus folláine is tábhachtaí i gceantar na comhairle (%)**

## Pobal

- **22%** cónaitheoirí ag glacadh páirte i ngrúpghníomhaíochtaí/gníomhaíochtaí pobail
- **35%** cónaitheoirí ag obair go deonach sa phobal i gceann 12 mhí
- **86%** cónaitheoirí a rá gur rud tábhachtach dóibh an athchúrsáil

# Plean Corparáideach

Agus sinn ag tarraingt ar dheireadh an chéad téarma ceithre bliana den chomhairle agus dár gcéad phlean chorparáideach 2015-2019, agus tá muid anois ag dréim le plean corparáideach nua a fhorbairt don dara téarma againn (2019-2023)

Tréimhse dhúshlánach athraithe a bhí ann inar lean an chomhairle ar aghaidh ag sainmhíniú a ról agus cuspóir nua, ag forbairt polasaithe agus straitéisí nua, ag athnuachan a príomh-infreastruchtúir, ag comhtháthú agus ag nua-aoisiú a seirbhísí agus ag riar ar oibleagáidí reachtúla atá ag méadú i gcónaí a fhad is go bhfuil muid ag bainistiú súilíochtaí agus éilimh atá in iomaíocht.

Tá an plean corparáideach reatha 2015-2019 dírithe ar na hocht gcuspóir straitéiseacha seo a leanas:

- A bheith ar cheann de na príomh-cheannscríbeanna turasóireachta ar oileán na hÉireann
- Infheistíocht a mhealladh agus tacú le cruthú post nua
- Tacú le torthaí feabhsaithe sláinte agus folláine
- Ár dtimpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint
- A bheith i gceannas ar athnuachan ár gceantar uirbeacha agus tuaithe
- Abhcóideacht ar do shon go sonrach maidir leis na saincheisteanna sin atá ríthábhachtach duit
- Ár bpobail a chumasú agus a n-ábaltacht a mhéadú
- An chomhairle a athrú ó bhonn agus a nua-aoisiú, ag cur ar fáil seirbhísí atá inrochtana do chách agus ar luach ar airgead.

Sa tréimhse seo d'éirigh leis an chomhairle:


- Féilte Eachtraí an Fhathaigh a bhunú, ag mealladh níos mó ná than140,000 cuairteoir sa bhliain
- Cuidiú líon turasóirí a ardú de 45% agus caiteachas cuairteoirí de 88%
- A bheith ag obair le £850m de mhaoiniú a fháil mar chuid de Phacáistíocht Infheistíochta Bheart Cathrach Réigiún Bhéal Feirste le fás féideartha eacnamaíochta corradh maith níos mó ná £1b a dhíghlasáil
- Lean uaidh seo an clár £2.7m Work It de chuid an Chiste Infheistíochta Shóisialta: Clár Scileanna Riachtanacha do Dhaoine Óga
- A bheith ab obair le 250 gnólacht áitiúil; 168 bpost nua a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do thús 167 ngnólacht nua per annum
- An méid dramhaíola ag dul chuig líonadh talún a laghdú de 84%
- Dramhaíl i mboscaí bruscair donna a laghdú de 60%

- An plean gníomhaíochta bithéagsúlachta áitiúil a lainseáil
- I gceannas ar thionscadal €8.3 CAAN idir Éire, Tuaisceart Éireann and Albain
- £40,000 a bhronnadh trí Down Your Street – Live Here Love Here
- Am próiseála a fheabhsú d'iarratais phleanála áitiúla
- Sólanna den scoth a thógáil ar an Iúr agus i nDún Pádraig
- £5 a leithdháileadh le háiseanna taobh amuigh níos fearr agus páirceanna súgartha a fhorbairt
- 45 phlean sráidbhaile a chruthú agus a uasdátú
- Glasbhealach Loch Cairlinn i gcrích idir Cora/Loca Victoria
- Athnuachan i gcrích ar Pháirc Phoiblí an Phointe
- £1.4m bronnta ar 413 thionscadal tríd an Scéim Cabhrach Airgeadais
- Nascacht dhigiteach agus leathanbhanda ardluais a fheabhsú ar fud an cheantair
- An Chomhpháirtíocht Phleanála Phobail a bhunú, a d'fhorbair agus atá ag cur i gcrích pleananna gníomhaíochta áitiúla
- Plean Tacaíochta Pobail a fhorbairt agus a thosú
- Leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm seacht bplean gníomhaíochta toghcheantair
- An clár comhpháirtíochta £4.7m Peace IV a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mhúnlaí reatha soláthair seirbhíse le bealaí níos éifeachtúla a aithint le gnó a dhéanamh.

Is mian leis an chomhairle Plean Corparáideach uaillmhianach a dhéanamh don chéad téarma eile a leanfaidh ar aghaidh ag cur i gcrích do dhaoine áitiúla agus do phobail. Sna míonna beaga seo romhainn tabharfaidh an chomhairle faoi phróiseas rannpháirtíochta agus comhairliúcháin a bheidh ionchuimsitheach, rannpháirteach agus inrochtana, ar fud an cheantair le réimse leathan páirtithe leasmhara. Is mian leis an chomhairle do thuairimí agus do bharúlacha a chluinstin ar thosaíochtaí amach anseo don chomhairle agus úsáidfidh muid an t-aiseolas seo le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt ár bPlean Corparáideach nua. Foilseofar go forleathan na himeachtaí comhairliúcháin go léir agus moltar duit freastal le go gcluinfear do ghlór.

**Le tuilleadh eolais a fháil cuir ríomhphost chuig: info@nmandd.org**

# Mar a Chaitear do Chuid Airgid in 2018/19




| Seirbhísí | Costais le £'000 |
|---|---|
| Cultúr agus Oidhreacht | £2,516 |
| Spórt agus Áineas | £8,941 |
| Turasóireacht | £3,946 |
| Seirbhísí Phobail | £2,997 |
| Sláinte Chomhshaoil | £3,031 |
| Glantachán eile agus Leithris Poiblí | £3,806 |
| Bailiú Dramhaíola | £13,694 |
| Diúscairt Dramhaíola | £321 |

| Seirbhísí | Costas le £'000 |
|---|---|
| Mionoibreacha/Ceadúnú/ Reiligí | £1,767 |
| Pleanáil Phobail | £817 |
| Forbairt Eacnamaíocht agus Forbairt Tuaithe an AÉ | £2,780 |
| Polasaí Pleanála | £1,162 |
| Rialú Tógála | £915 |
| DIonadaíocht Daonlathach agus Bainistíocht Chorparáideach | £2,476 |
| Seirbhísí eile | £1,200 |
| Iasacht úis agus Soláthar MR | £7,635 |

**Buiséad ina iomlán: £58,005,000**

# Do Chomhairleoirí

## CROTSHLIABH



**Michael Carr**
SDLP
michael.carr@nmandd.org



**Gillian Fitzpatrick**
SDLP
gillian.fitzpatrick@nmandd.org



**Declan McAteer**
SDLP
declan.mcateer@nmandd.org



**Oksana McMahon**
Sinn Féin
oksana.mcmahon@nmandd.org



**Mickey Ruane**
Sinn Féin
mickey.ruane@nmandd.org



**Jarlath John Tinnelly**
Independent
jarlath.tinnelly@nmandd.org

## AN TIÚR



**Charlie Casey**
Sinn Féin
charlie.casey@nmandd.org



**Valerie Harte**
Sinn Féin
valerie.harte@nmandd.org



**David Hyland**
Independent
david.hyland@nmandd.org



**Liz Kimmins**
Sinn Féin
liz.kimmins@nmandd.org



**Michael Savage**
SDLP
michael.savage@nmandd.org



**Gary Stokes**
SDLP
gary.stokes@nmandd.org

## NA BEANNA BOIRCHE



**Willie Clarke**
Sinn Féin
willie.clarke@nmandd.org



**Laura Devlin**
SDLP
laura.devlin@nmandd.org



**Séan Doran**
Sinn Féin
sean.doran@nmandd.org



**Glyn Hanna**
DUP
glyn.hanna@nmandd.org



**Jill Macauley**
UUP
jill.macauley@nmandd.org



**Brian Quinn**
SDLP
brian.quinn@nmandd.org

## SLIABH CRÚIBE



**Garth Craig**
DUP
garth.craig@nmandd.org



**Roisin Howell**
Sinn Féin
roisin.howell@nmandd.org



**Andrew McMurray**
Alliance
andrew.mcmurray@nmandd.org



**Mark Murnin**
SDLP
mark.murnin@nmandd.org



**John Rice**
Sinn Féin
john.rice@nmandd.org

## DÚN PÁDRAIG



**Naomi Bailie**
Sinn Féin
naomi.bailie@nmandd.org



**Dermot Curran**
SDLP
dermot.curran@nmandd.org



**Cadogan Enright**
Independent
cadogan.enright@nmandd.org



**Gareth Sharvin**
SDLP
gareth.sharvin@nmandd.org



**John Trainor**
SDLP
john.trainor@nmandd.org

## RUDHA ÁLAINN



**Terry Andrews**
SDLP
terry.andrews@nmandd.org



**Patrick Brown**
Alliance
patrick.brown@nmandd.org



**Robert Burgess**
UUP
robert.burgess@nmandd.org



**Harry Harvey**
DUP
harry.harvey@nmandd.org



**William Walker**
DUP
william.walker@nmandd.org



**Henry Reilly**
Independent
henry.reilly@nmandd.org

## SLIABH GCUILLINN



**Pete Byrne**
SDLP
pete.byrne@nmandd.org



**Terry Hearty**
Sinn Féin
terry.hearty@nmandd.org



**Mickey Larkin**
Sinn Féin
mickey.larkin@nmandd.org



**Kate Loughran**
SDLP
kate.loughran@nmandd.org



**Roisin Mulgrew**
Sinn Féin
roisin.mulgrew@nmandd.org



**Barra Ó Muiri**
Sinn Féin
barra.omuiri@nmandd.org



**David Taylor**
UUP
david.taylor@nmandd.org

Is féidir an doiciméad seo nó a achoimre a chur ar fáil ar iarratas nó i bhformáidí eile, lena n-áirítear Braille, cló mór, clostéip agus teangacha eile. Más mian leat rochtain ar na seirbhísí seo, déan teagmháil le do thoil leis an Oifig Chumarsáide agus Mhargaíochta ar 028 4461 0841 nó cuir ríomhphost chuig marketing@nmandd.org

# Dul i dteagmháil – uimhreacha úsáideacha

## Ionaid Ealaíon agus Iarsmalanna

**Ionad Ealaíon an Dúin**
Dún Pádraig
028 4461 0747

**Iarsmalann Chontae an Dúin**
Dún Pádraig
028 4461 5218

**Iarsmalann an Iúir & Mhúrn**
Caisleán Bagenal, an tIúr
028 3031 3182

**Teach Éigse Sheáin Uí Chuileannáin**
An tIúr
028 3031 3180

## Ionaid Phobail

**Baile na hInse**
028 9756 1950

**An Sruthán**
028 3083 9666

**Ionad an Droichid**
Cill Ó Laoch
028 4482 8648

**An Pointe**
028 4377 0007

**An Chloch Riabhach**
028 3083 8454

**Crois Mhic Lionnáin**
028 3086 1949

**Halla Dan Rice**
Droim an Easa
028 9756 1449

**Teach an Mhargaidh**
Baile na hInse
028 9756 4050

## Páirceanna Tuaithe

**Páirc Foraoise Chaisleán Uidhilín**
028 4377 8664

**Páirc Thuaithe Delamont**
028 4482 8333

**Páirc Chill Bhrónaí**
028 4173 8134

**Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn**
028 3031 3170

## Sólanna

**Ionad Sláinte agus Folláine Bhaile an Mhóta**
028 4461 2919

**Ionad Fóillíochta an Dúin**
Dún Pádraig
028 4461 3426

**Ionad Fóillíochta Chill Chaoil**
028 4176 4666

**Ollionad Chaisleáin Nua lena n-áirítear Tropicana, Linn Charraigeacha agus Páirc an Chaisleáin**
028 4372 5034

**Ionad Fóillíochta an Iúir**
(linn snámha)
028 3031 3190

**Lárionad Spóirt Choláiste Cholmáin**
028 3025 6166

## Ionad Eolais do Chuairteoirí

**Crois Mhic Lionnáin**
028 3086 8900

**Cill Chaoil**
028 4176 2525

**An tIúr**
028 3031 3170

**An Caisleán Nua**
028 4372 2222

**Dún Pádraig**
028 4461 2233

**Sliabh gCuillinnn**
028 3084 8190

**Halla Baile agus Oifig Thurasóireachta an Phointe**
028 4175 2256

## Ionaid Athchúrsála Bhaile

0300 013 2233
**Baile Uí Chadhain, Baile na hInse**
**Bóthar na Banna, Caisleán Uidhilín**
**Camloch**
**Bóthar na Cluanaí**
**Crois Mhic Lionnáin**
**Dromann Uí Cheallaigh**
**Baile Hill**
**Cill Chaoil**
**An tIúr**
**Baile Úr**
**An Pointe**

## Uimhreacha úsáideacha eile

Teileafón:
0300 013 2233
**Rialú Tógála**
**Reiligí**
- **Loch Inse, Baile na hInse**
- **Cnoc an Mhanaigh, an tIúr**
- **An tSruthail, Dún Pádraig**
- **Ros Treabhair**
- **An Pointe**

**Gearáin**
**Rialú Madadh**
**Sláinte Chomhshaoil & Leas Ainmhithe**
**Ceadúnú**
**Póilíneacht & Sábháilteacht Phobail**
**Comhpháirtíocht**
**Rialú Truaillithe**
**Leithris Phoiblí**
**Athchúrsáil**
**Bailiú Bruscair**
**Oifig Chlárúcháin (Breitheanna, Básanna agus Póstaí)**
**Glanadh Sráideanna**
**Diúscairt Dramhaíola**

**Oifig Phleanála:**
**0300 200 7830**

**0300 013 2233**
**www.newrymournedown.org**

/nmdcouncil
@nmdcouncil

---

Foilsítear Teagmháil IMD go bliantúil agus cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil na comhairle. Bheimis buíoch as d'aiseolas ar an fhoilseachán agus bheimis an-bhuíoch dá bhféadfá an ceistneoir gairid seo a leanas a chomhlánú agus é a chur ar ais chuig: Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, an Rannóg Cumarsáide agus Margaíochta, Ionad Cathrach Chontae an Dúin, Bóthar Ard Ghlais, Dún Pádraig, BT30 6GQ.

**Cé chomh láidir is a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú leis na ráitis seo a leanas faoi Teagmháil IMD?**

| | Aontaím go láidir leis | Aontaím leis | Ní aontaím le ceachtar acu | Easaontaím leis | Easaontaím go tréan leis |
|---|---|---|---|---|---|
| Is dóigh maith le heolas a fháil fán Chomhairle agus an dóigh a caitear mo chuid airgid | | | | | |
| Is dóigh mhaith í le heolas a aimsiú fá sheirbhísí na Comhairle | | | | | |
| Bíonn ailt shuimiúla ann | | | | | |
| Is furast é a thuiscint | | | | | |
| Tá sé tarraingteach do dhaoine ó chulraí áirithe | | | | | |
| Tá sé dea-dhearrtha agus cuma mhaith air. | | | | | |

Tríd is tríd cén rátáil a chuirfeá ar Teagmháil IMD ○ Ar fheabhas ○ Go maith ○ Go measartha ○ Go dona ○ Go h-uafásach ○ Níl a fhios agam

Más maith leat ailt/eolas sa bhreis a fheiceáil i dTeagmháil IMD/nó barúlacha eile agat, scríobh anseo iad: